


Patsy Dan Mac Ruairí – Rí na Scuaibe ▸6



Cuairt Dhaidí na Nollag ▸13



Gradam Tony ▸16

# Goitse

Saor in aisce sna trí paróistí

Uimhir 10
20 Nollaig 2013

NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOCH CHEANNFHAOLA

goitse.org


# Ceist gan freagairt



An tAire Dlí agus Cirt Alan Shatter

**Tá sé chóir a bheith dhá bhliain go leith ó d'iarr an tAire Dlí agus Cirt ar Choimisinéir an Gharda Síochána tuarascáil a ullmhú faoi chás Mhícheál Ó Fearraigh agus, go fóill, níl tasc ná tuairisc ar an tuarascáil sin.**

Fuarthas O Fearraigh ciontach as mí-úsáid gnéasúil le gasraí i nGaoth Dobhair sa bhliain 2002 agus, i mí Meithimh 2011, fuarthas ciontach arís é as gasraí a éigniú.

Tharla cuid de na hionsaithe sin i ndiaidh 2002, nuair a bhí sé ar liosta ciontóirí gnéis ag an Gharda agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Sin an fáth go raibh an tAire Shatter ar lorg na tuarascála.

Bhí dualgas ar an Gharda Síochána agus ar an FSS páistí a chosaint agus bhí sé soiléir ag an dara cás cúirte go raibh teacht ag Ó Fearraigh ar íobartaigh úra in ainneoin na dtreoirlínte a bhí leagtha síos do na húdaráisí.

Nuair a cuireadh ceisteanna ar an Aire sa Dáil faoin mhoill a bhí leis an tuarascáil, eisíodh ráiteas go raibh an seans ann go mbeadh cásanna eile coiriúla ag éirí as fiosrúchán na nGardaí agus nárbh fhéidir an tuarascáil a eisiúint dá bharr sin.

Ba iad Thomas Pringle agus Piaras Ó Dochartaigh a chuir na ceisteanna ar an Aire.

Ar lean ar lch 3





Tá ceisteanna curtha ar an Aire ag na Teachtaí Piaras Ó Dochartaigh agus Thomas Pringle maidir leis an mhoill atá ar ar eisiúnt na Tuarascála.

# Oíche na gaoithe móire

Oíche Chéadaoine agus muid ag déanamh réidh leis an nuachtán seo a chur chuig an chlódóir, bhuail ceann de na stoirmeacha is measa sa chuid seo tíre le 30 bliain cósta thiar na hÉireann.

Tuairiscíodh go raibh luas 150 km san uair leis an ghaoth ar Árainn Mhór agus cailleadh an aibhléis in áiteacha i nGaoth Dobhair ar feadh chúpla uair an chloig.

Tuigtear go bhfuil damáiste struchtúrtha déanta do fhoirgnimh ar fud na contae agus go bhfuil foirne as Bord Soláthar Leictreachais amuigh ag obair go dian ag cóiriú cáblaí a séideadh anuas sa stoirm.

Tá sneachta tuartha fosta don cheantar sa chúpla lá atá romhainn.

Guíonn Goitse Beannachtaí na Nollag agus Bliain Úr Mhaith ar ár gcuid léitheoirí

FÓGRAÍ POBAIL
LCH 6



An Bleachtaire Siamsaíochta @ an Chabaret Craiceáilte ▸13



Mairéad Ní Mhaonaigh agus Cití Eoin Éamoinn ag seoladh clár imeachtaí Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy i dToigh Hiúdaí Bhig ar an Bhun Bheag. *Féach scéal agus grianghraif ar leathanach 14*

# Infheistíocht €85,000 déanta ar Thrá Mhachaire Rabhartaigh

Le teacht agus imeacht taoide, char fágadh cloch os ceann cloiche le roinnt seachtainí anuas anois o thaobh na hoibre atá tugtha chun críche, thart fá cheantar na trá agus na céibhe i Machaire Rabhartaigh. Bhí Coiste Thráigh Mhachaire Rabhartaigh ag gníomhú faoi scáth Coiste na Paróiste i nGort a Choirce, ó thaobh a bplean do cheantar na trá a chur i ngníomh. Bá fiontar comhpháirtíochta idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Muintireas Thír Chonaill, SOLAS (FÁS), Scéim Tús, agus an dá Choiste pobail áitiúil a bhí mar dhúshraith láidir faoi na forbairtí áirithe seo.

Rinneadh uasghrádú suntasach ar an chomharthaíocht sheachtrach fá cheantar na trá. Tá an chomharthaíocht úr seo fáilteach agus tarraingteach ar fad don tsúil agus iad go huile is go hiomlán i nGaeilge, rud a luíonn isteach leis an cheantar Gaelach.

Ar an fhorbairt is tábhachtaí den iomlán, rinneadh infheistíocht de €85,000, ina raibh luach de €25,000, de obair dheonach mar pháirt de, le corradh is 220m de bhealach coise a fhorbairt ó Bharr na Mullach, síos taobh leis an Ionad Pobail ag críochnú ag carrchlós na trá.

Ag labhairt dí ar na forbairtí seo, dúirt Máire Mhic Pháidín, Cathaoirleach Coiste na Tráigh; "D'obair Coiste na Trá agus Coiste na Paróiste as lámh a chéile leis an maoiniú áirithe seo a aimsiú. Tá lúcháir mhór orainn go bhfuil lorg dearfach fágtha ag na forbairtí fiúntacha seo ar cheantar na trá. Is cinnte go gcuirfidh na hoibreacha seo go mó, le háilleacht nádúrtha an cheantair."




Chun na farraige síos: Ceann de na comharthaí úra atá crochta ag Trá Mhachaire Rabhartaigh mar chuid d'obair forbartha choistí pobail áitiúla.



Cian, Dáithí Óg agus Laura Mac, triúr a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 orthu ag an blitz iománaíochta a bhí i gConamara le gairid.

# Camáin, sliotair agus insulin

Camáin, sliotair agus brógaí peile — gnáth rudaí a bheadh de dhíth do dheireadh seachtaine ar shiúil as baile le foireann iománaíochta. Ach do thriúir iománaí Faoi 12 as Gaoth Dobhair is é Insulin an rud is tábhachtaí a bhí le pacáil acu agus iad ag imeacht go Gaillimh do chomórtas iománaíochta a d'eagraigh CLG Micheál Breathnach, Indreabhán, le gairid.

Tá triúr de foireann faoi 12 a bhfuil Diaibéiteas Chineál 1 orthu agus tá sé fíor thábhachtach go ndéanann siad tástáil ghlúcós fola go rialta agus insulin a ghlacadh, ar a laghad 4 huaire sa lá. Fiú amháin ag leath ama, caithfidh siad tástáil ghlúcós fola a dhéanamh le déanamh cinnte nach bhfuil siad 'íseal'.

Ní ligeann na páistí seo don Diaibéiteas cur isteach ar shaol s'acu agus tá siad breá gnóthach i gcúrsaí spóirt sa pharóiste. Imríonn Cian agus Dáithí Óg sacar do Cheiltigh Ghaoth Dobhair agus bíonn Cian ar a rothar go minic le club an Earagail. Tá siad uilig ag imirt peile faoi aois do Ghaoth Dobhair chomh maith.

Anuraidh d'imir Dáithí Óg sacair do fhoireann Diaibéiteas na hÉireann san Eilbhéis.

## NÓTA BUÍOCHAIS

Tá lúcháir orainn go bhfuil muid ar ais ag cur seirbhíse nuachta ar fáil don cheantar seo. Ní bheadh, murab é gur chuir na daoine agus na heagraíochtaí ar an liosta thíos (as gach cearn den tír seo agus as thar lear) a lámh ina bpóca agus thug maoiniú dúinn ar an tsuíomh idirlín www.fundit.ie. Tá buíochas ó chroí ag gabháil do achan uile dhuine acu.

Aonghus Ó hAlmhain
Iarla Mac Aodha Bhui
Rónán Mac Aodha Bhuí
Joseph Bergin
Colm Ó Baoill
Ruairí Ó Bléine
Carmel Ní Bhriain
Ciarán Ó Braonáin
Séamus Ó Briain
Colm Ó Broin
Ciarán Ó Brolcháin
John Campbell
Howard Chu
Buíon Fodhla
Aodan Ó Cearbhaill
Réamonn Ó Ciaráin
Donncha Ó Coinn
Cuán Mac Conghail
Rónán Mac Con Iomaire
Bronagh Corr
Seán Ó Corráin
Cormac Ó Cuinn
Eibhlín Ní Dhuibhir
Ailill & Naoise Ó Domhnaill
Damien Ó Dónaill
Stephen Óg Ó Dónaill
Páid Ó Donnchú
Fachtna Ó Drisceoil
Seán Ó Duibhir
Ray Fallon
Criostóir Ó Faolain
Carolyn Farrar
Emmet Ó Fátharta
Seán Ó Fearghail
Brian Ó Fearraigh
Eileen Ferry
Ciarán Mac Fheidhlimidh
Alice Flanigan
Pól Ó Floinn
Seán Ó Gallchóir
Conchúr Mac Giolla Eáin
Sonia Nic Giolla Easbuig
Niall Hackett
Andrew Hetherington
Bríd Ní hIcí
Ionad Naomh Pádraig
Seán Ó Luasa
Richie Mac Liam
Alicja Mankowska
Finbar McDonnell
Rory McGinley
Thomas McGrane
Bríd McGrath
Bríd Ní Mhaoileoin
Siuan Ní Mhaonaigh
Liz Morris
Gearóid Ó Muilleoir
Tom Ó Muireadhaigh
Seán Ó Muireagáin
Dónall Mac Murchaidh
Seán Ó Murchadha
Damian Ó Néill
Éamonn Mac Niallais
Máire Mhic Niallais
Áine Nic Niallais
Fearghas Mac Nic
Ciarán Ó Pronntaigh
Rosg
Kevin Scannell
Cóilín Ó Scolaí
Darach Ó Scolaí
Séamus Mac Seáin
Jake Mac Siacais
Peter Tiernan
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid
Anaithnid

Tá buíochas ag gabháil fosta do na scríbhneoirí agus grianghrafadóirí uilig a chuir ábhar ar fáil dúinn, do Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair a chuidigh linn ar achan dóigh leis an tionscnamh seo a chur ar a chosa arís agus d'Fhoras na Gaeilge a thug pórdheontas tacaíochta dúinn ar mhaithe le hathlainseáil *Goitse*. Go raibh míle maith agaibh uilig.

Goitse

ROSG

Go n-éirí go geal le Goitse

# Beart de réir briathar

## Eagarfhocal

> "Muna seasann muintir na Gaeltachta le chéile agus a gcuid cearta a éileamh, tá an cath caillte. Ní féidir le dream ar bith eile an troid seo a dhéanamh ar ár son".

Ní minic a tharlaíonn sé go labhraíonn státseirbhíseach sinsearach amach go glan soiléir faoi nádúr an stáit agus is annamh ar fad an rud é nuair a deir Ombudsman stáit go bhfuil cur i gcéill lárnach i bpolasaí an stáit maidir leis an ghné de shaol an stáit a bhí fána chúram. Ach sin díreach an rud a rinne Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, níos mó ná coicís ó shin nuair a d'fhógair sé go raibh rún aige éirí as a phost i mí Feabhra, dhá bhliain sula raibh a thréimhse sa phost críochnaithe. Luaigh sé an "cur i gcéill" atá go soiléir sna polasaithe atá ag gach rialtas a bhí i gcumhacht ón am gur bunaíodh an stát, polasaithe a d'fhág an Ghaeilge "imeallaithe" sa státchóras.

Níorbh iontas ar bith é do dhuine ar bith a lean an méid a bhí le rá ag an Choimisinéir le blianta beaga anuas. Mar shampla, ag tús mhí Mheán an Fhómhair, agus é ag caint ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, labhair sé ar "an dualgas teanga sa Ghaeltacht a cuireadh ar athló go soiniciúil bliain i ndiaidh bliana, ar a laghad 54 uair suas go dtí 1966."

Tá a fhios againn uilig nach bhfuil seirbhísí ar fáil as Gaeilge sa Ghaeltacht, cé go bhfuil sé ráite arís agus arís eile ag rialtas i ndiaidh rialtais gur sin an aidhm atá acu. Níor tharla sé riamh.

De réir na saineolaithe teangeolaíochta, níl ach 25 bliain nó mar sin fágtha go dtí go raibh an Ghaeltacht marbh muna gcuirtear polasaithe fiúntacha cumasacha i bhfeidhm leis an teanga a chaomhnú.

Ceapadh Seán Ó Cuirreáin lena chinntiú go raibh an rialtas ag déanamh beart de réir a mbriathar. Ní bhfuair sé tacaíocht ar bith ón rialtas seo, nó ón rialtas a bhí i gcumhacht roimhe sin. Ní féidir le páirtí ar bith bheith ag maíomh go bhfuil jab níos fearr déanta acu ná an rialtas seo maidir le seirbhísí as Gaeilge a chur ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sé cruthaithe ag Seán Ó Cuirreáin nach bhfuil sin fíor.

Níl pointe ar bith le déanamh ag Fianna Fáil nó Páirtí an Lucht Oibre sa chás seo mar tá siad féin chomh ciontach is atá Fine Gael as an neamart a rinneadh ar an Ghaeilge.

Níl dabht ar bith ann go mbeidh Sinn Féin ag iarraidh buntáiste pholaitiúil a bhaint as an chás seo ach níl le déanamh againn ach amharc ar na Sé Chontae agus aithint go bhfuil an páirtí sin mar chuid den rialtas ó bhí 2007 ann agus níl iomrá ar bith orthu Acht Teanga a chur i bhfeidhm ansin. Beart de réir a mbriathar?

An freagra is coitinne a tháinig ó rialtas Fine Gael agus Lucht Oibre ó d'fhógair Seán Ó Cuirreáin go raibh sé le héirí as a phost ná é a mholadh go hard as an sárobair a rinne sé.

Dá mba Ombudsman na bPáistí a bhí ag éirí as a post, ag rá nach raibh tacaíocht Roinn na bPáistí aici agus nach raibh sa reachtaíocht le páistí a chosaint ach cur i gcéill, bheadh trup uafásach ann agus bheadh an Taoiseach ag freagairt ceisteanna sa Dáil. Níl dabht ar bith ach go mbeadh Aire na bPáistí imithe as a post chomh maith

I gcás Ombudsman na Gaeilge, áfach, is beag an difear a rinne sé do shaol polaitiúil na Dála. B'fhíor don Choimisinéir. Tá an Ghaeilge imeallaithe agus, go dtí go labhraíonn muintir na Gaeltachta agus lucht na Gaeilge ar fud na tíre amach go láidir agus dul i mbun gníomhaíochta ar son na teanga, gheobhaidh sí bás go suaimhneach agus beidh an tír agus saol cultúrtha na nglúnta atá ag teacht inár ndiaidh níos boichte dá réir.

Is minic a deirtear gur am cinniúnach atá ann ach, sa chás seo, is é an téarma ceart é. Muna seasann muintir na Gaeltachta le chéile agus a gcuid cearta a éileamh, tá an cath caillte. Ní féidir le dream ar bith eile an troid seo a dhéanamh ar ár son. Caithfidh muid féin aird a thabhairt air. Sin, nó glacadh leis go bhfuil an cath caillte agus go bhfuil deireadh leis an Ghaeltacht.

Is linne an rogha.

# Ceist gan freagairt

Ar lean ó lch 1

Ach tharla cúpla cás cúirte eile ar na mallaibh atá ag cur bhuartha ar dhaoine atá ag plé leis an chás seo síos fríd na blianta.

Chuaigh an Garda Síochána chuig an Chúirt Dúiche ar na Gleannta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, ag iarraidh cead déanamh ar shiúl le ábhar a fuarthas ag teach Uí Fhearraigh. I measc na rudaí a luaíodh sa chás sin, bhí na céadta dlúthdhioscaí agus DVDanna, chomh maith le trealamh taifeadta, ceamaraí, agus guthán póca.

Agus fuarthas Ó Fearraigh ciontach ar 11 Nollaig as 15 ionsaí eile gnéis in éadan gasúir eile idir 1984 agus 1987. Bhí an gasúr 13 bliain d'aois ag an am gur tharla an chéad ionsaí.

Tá imní ar dhaoine atá ag plé leis an chás seo agus atá ag tabhairt tacaíochta do na híobartaigh nach bhfuil cothrom na féinne ar fáil do na híobartaigh.

Dúirt duine acu siúd le *Goitse* Dé Céadaoine go bhfuil imní air go bhfuil sé "níos práinní ag na húdaráisí fianaise a chur ar ceal in áit cothrom na féinne a fháil do na híobartaigh."

"Tá sé in am acu cearta daonna na n-íobartach a chosaint agus dlíthe chosaint páistí an stáit a chur i bhfeidhm," a dúirt sé, ag déanamh tagairt don iarratas a rinne an Garda Síochána sa Chúirt Dúiche.

Dúirt Thomas Pringle go raibh ceist eile curtha os comhair an Aire aige le seachtain anuas agus go bhfaighidh sé freagra air ag tús mhí Eanáir ach dúirt sé go raibh sé soiléir go raibh an mhoill ar an tuarascáil ag cur le fulaingt na n-íobartach sa chás seo.

Tá sé ráite fosta ag duine eile a bhíonn ag plé leis na híobartaigh go bhfuil seisean den bharúil nach bhfuil cur chuige ar bith insna húdaráisí maidir leis an scéal seo.

"Níl náire ar bith orthu," a dúirt se. "Is féidir le Ian Elliot tuarascáil i ndiaidh tuarascála a thabhairt amach faoi chúrsaí mhíiompair i nDeoisí agus in Oird san Eaglais Chaitliceach agus gan aige ach foireann bheag agus níl an Garda Síochána ábalta tuarascáil a eisiúint ar dhuine amháin."

Bhéarfaidh an Breitheamh John O'Hagan a bhreithiúnas ar iarratas na nGardaí an mhí seo chugainn.



Teresa Skillan agus Mary Donie Uí Ghallchóir ag Dinnéir na Nollag in Áislann Rann na Feirste.

Fáiltíonn muid roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig litir@goitse.org
Seol comhfhreagras ar bith eile chuig eolas@goitse.org nó déan teagmháil ag 086 8476862


## Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair

Nollaig 2013

### FÓGRA TÁBHACHTACH

**Tá Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair Seasmhach agus Sábháilte**

Maidir leis an fhógra a rinneadh le gairid fá Chomhar Creidmheasa an Droichid Nua (Newbridge Credit Union) Níl aon bhaint aige seo le Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair. Tá gach Comhar Creidmheasa neamhspleách, ó thaobh airgid de, ó gach Comhar Creidmheasa eile.

**Tá do chuid airgid sábháilte i gComhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair agus tá ár gcúrsaí airgid i staid mhaith.**

Tá daoine oilte i mbun bhainistiú an Chomhair Creidmheasa agus tá ár bhfoireann i gcónaí réidh le cuidiú leat má tá ceist ar bith agat.

Tá Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair láidir agus sábháilte. Tugann an Comhar Creidmheasa aire do do chuid airgid agus cuireann muid iasachtaí an-réasúnta ar fáil do na baill uilig. Seo mar is mian leo leanúint ar aghaidh: ag tabhairt aire do leas ár mball uilig.


Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!

Fógra ón Bhord Stiúrtha
Comhar Creidmheasa Ghaoth Dobhair

# Tús curtha le togra logainmneacha Rann na Feirste

Tá togra leanúnach ar siúil ag Cumann Oidhreachta Rann na Feirste le bailiúchán cuimsitheach a dhéanamh de logainmneacha, áitheanna choirce, áitheanna aoil agus áiteacha eile a bhfuil tábhacht ar leith bainteach leo.

Tá tús curtha leis an obair seo agus tá léarscáil bheacht den bhaile curtha in oiriúint le haghaidh na hoibre. Beidh an chéad teacht le chéile ag an chumann luath sa bhliain úr leis an togra seo a thabhairt céim eile.



Tony Mac Ruairí ag obair ar léarscáil logainmneacha Rann na Feirste.



Comhghairdeachas le John agus Síle Curran a rinne ceiliúradh ar a ceathracha bliain pósta ag cóisir i dTeach Sheáin Óig. Sa ghrianghraf leo tá a gclann Conall, Jade, Éamonn agus John Beag.

# Ionad oidhreachta beartaithe do Theach stairiúil Sheáin Néill



’Bhí clú ar Theach Sheáin Néill ariamh anall mar theach mór airneáil de chuid Rann na Feirste. Tá tábhacht ar leith bainteach le teach Sheáin Néill ó thaobh stair shóisialta Rann na Feirste de agus cliú leitheadach ar chlann Sheáin Néill dá fheabhas a gcuid seanchais agus a mbua i mbun scéalaíochta.


Tá léas 30 bliain faighte ag Áislann Rann na Feirste Teoranta ar an teach stairiúil seo agus sé ar intinn againn an teach seo a thabhairt chun beatha arís agus úsáid a bhaint as mar ionad oidhreachta.






# Laoch pobail ar lár

**Tomás Mac Giolla Bhríghde** 1923-2013



**Noel Ó Gallchóir**

*'Féach na fáinleoga ag Teach Archie*
*'s caoineadh ina nglór,*
*tá aisteoirí sean 's óg*
*Ag sileadh na ndeor.'*
(Pádraig Mac Giolla Easbuic)

Rinne Tomás Mac Giolla Bhríghde a thuras dheireanach go Machaire Gathlán Dé Céadaoine an 11 Nollaig 2013. hAdhlacadh é sa Reilig úr, cúpla céad slat ón chéidh úr áit a gcaitheadh sé cúpla uair go mion minic ag siúl ar an Tráigh Dhearg, ina shuí sa charr ag déanamh a scíste nó ag amharc amach ar an fharraige agus ar Oileán Ghabhla, ábhar a amhráin dhraíochtúil 'Céad Slán leis an Oileán'. D'fhág a chairde sa Chrann Óg slán ag a gcara Tom le véarsaí binne Sheán Bháin Mhic Grianna 'Cumhaidh an Fhile':

*'Is a Rí na na Dúl, nach trua nach mairfeadh*
*Saol na suáilce dúinn go brách.'*

**Fear Pobail**

Bhronn Ollscoil na hÉireann Gaillimh Céim Oinigh ar Tom i 2005 mar aitheantas as an bhaint a bhí aige le cruthú fostaíochta sa cheantar agus i gcur 'un cinn na nEalaíon, an chultúir agus na Gaeilge. D'fhág Tom a lorg go smior ar an phobal agus chuaigh a shaothar, a dhea-shampla agus a shuim i ndaoine i bhfeidhm go mór ar pharóiste Ghaoth Dobhair go bliain a bháis.

**Fostaíocht**

Bhí Tom ar dhuine den bhaicle beag a chonaic go raibh géarghá le fostaíocht a chruthú i nGaeltacht Iar-Thuaisceart Thír Chonaill leathchéad bliain ó shin. Cheannaigh siad thar 100 acra de screabán lom in Ard na gCeapairí ó Choimisiún na Talún i 1965 agus iad ag smaointiú ar dhóigh phraiticiúil le comóradh a dhéanamh ar chuimhneachán 50 bliain Eirí Amach 1916. Dhíol siad é le Gaeltarra Éirinn ar an luach céanna i 1967. Ba seo mar a cuireadh tús le Eastát Tionsclaíochta Ghaoth Dobhair, An Screabán, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Ba fís agus gníomh Tom agus a chomrádaithe a leag an dúshraith don fhás eacnamaíochta agus don chruthú fostaíochta a tharla sna blianta ina dhiaidh sin.

**Aisteoirí Ghaoth Dobhair**

Bhí Tom ina bhall d'Aisteoirí Ghaoth Dobhair (a bunaíodh i 1931) ó bhí 1938 ann go 2013 – 75 bliain! Bhí sé ag léiriú drámaí ó 1958. Bhí baint aige leis na Geamaireachtaí uilig, 8 ar fad, ó 1962 go 1973. Bhí sé páirteach mar aisteoir i ndrámaí móra na nAisteoirí – Neart na Córa, An Pháirc, Muiris Ó hAirt, agus go leor eile. Ba é a léirigh Bliain an tSiúlóra, An Strainséar Dubh, Aintín Shéarlais agus na céadta dráma eile. Ba é a bhí i mbun na nAisteoirí agus i mbun Amharclann Ghaoth Dobhair (a fosclaíodh i 1961) ó 1981. Bhí sé oilte in achan ghné den drámaíocht — aisteoir cumasach, fear soilse spleodrach, sár fhear smidte, scríbhneoir spreagúil, ach thar achan rud, bhí sé ina léiritheoir samhailteach den scoth. Bhí a chroí istigh sa drámaíocht agus ina chuid aisteoirí.

**Dráma na Páise**

Ba Tom a scríobh agus a léirigh 'Shoilsigh Solas sa Dorchadas', a insint féin ar scéal Pháis Íosa Críost. Léiríodh é san Amharclann i dtrátha na Cásca i 1986, 1987, 1998 agus 2007. Bhí thar seasca duine i bhfoireann an dráma. Chuaigh an léiriú seo i bhfeidhm go mór ar na sluaite a chonaic é, go dramatiúil agus go spioradálta. Ba seo mórléiriú Tom, léiriú a raibh se iontach bródúil as ina dhóigh mhacánta féin.

**Pobalscoil Ghaoth Dobhair**

D'fhág Tom lorg a láimhe ar dhá ghlún d'aos óg Ghaoth Dobhair, sa Cheard Scoil agus i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Bhain a chuid léirithe an príomh dhuais – Scoth Léiriú na Féile — ceithre huaire ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta i 1970 agus i 1994 le 'Caitlín Ní hUallacháin', i 2009 le 'Chun na Farraige Síos' agus i 2013 le 'An Fear a Phós Balbhán'. Fuair a chuid aisteoirí 50 duais aisteoireachta ag na Féilte le suas le leathchéad bliain. D'fhoghlaim na scoláirí cuid mhór uaidh agus bhí meas millteanach acu air agus ag Tom orthu.

**Tom a' Bhungaló**

Agus Tom é féin – Athair maith, Fear céile dílis; fíorGhael agus fíor-Chríostaí; fear umhal, ionraice; fear a thug a chuid ama go fial fairsing; fear neamhspleách, díreach; fear foighdeach, garach, greannmhar; Fear a raibh a chroí istigh i leabhair agus sa léitheoireacht; comhráití caoin; fear léannta, fealsúnach; fear fisiúil, ceannródaíoch; fear a raibh ardmheas air agus a chrothnóidh sean agus óg.

*'Do na Gleanntáin ghlasa*
*Ba mhór do ghrá*
*'S cuirfear crothnú ar do choiscéim*
*I mbéal na trá.*

*In amharclann na bhflaitheas, a Tom*
*Go raibh tú anocht sa ghlóir,*
*'s le sean aisteoirí Ghaoth Dobhair*
*Beidh agaibh geamaireacht ar dóigh.'*
(Pádraig Mac Giolla Easbuic)



Tomás Mac Giolla Bhrighde (an tríú duine ó chlé, ar chúl) le hAisteoirí Ghaoth Dobhair san léiriú a rinne siad den dráma 'An Pháirc



Tomás Mac Giolla Bhrighde ag an foscailt oifigiúil a rinne an t-aisteoir Siobhán Nic Cionnaith ar Amharclann Ghaoth Dobhair i 1961

# Spiorad carthannachta an aos óig le moladh

**ANIAR ADUAIDH**
le Brian Mac Rabhartaigh



Mharaigh Taifún Haiyun (nó Yolande mar a tugadh ar go háitiúil) na mílte agus fágadh 1.9 milliúin duine gan dídean nuair a réab sí trasna na hOileáin Filipíneacha an mhí seo caite.

ANOIS TA MUID i ndúlaíocht an gheimhridh agus séasúr na Nollag ins na sáltaí orainn. Baineann spiorad faoi leith leis an Nollaig, mar atá ceiliúradh, cuideachta, cineáltais, carthanachta agus mar sin de. Deirtear fán Nollaig fosta, gur tráth den bhliain í fá choinne an aos óg agus is dóiche go bhfuil fírinne faoi leith sa mhéid sin. I dtaca leis an óige de, baineann spiorad deas dearfach agus sainiúil leis an aos óg chomh maith, mar atá, maitheas, tiomantas, áilleacht, fuinneamh na beatha, mórchroíachas agus a mhacasamhail.

Nuair a thig sé go dtí spiorad agus sampla na nÓg fán taobh seo tíre de, ritheann sampla coincréiteach liom a bhí i mbéal an phobail ar na mallaibh agus a raibh tagairt déanta de ar Raidió na Gaeltachta, níl sé bhfad uilig o shin. Baineann an sampla seo le grúpa scoláirí de chuid na chéad bliana, i bPobalscoil Ghaoth Dobhair, a léirigh ceannaireacht phearsanta mar pháirt de rang Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil s'acu. Faoi threoir a múinteora agus príomhoide na scoile, chuaigh an baicle scoláirí seo i mbun feachtais bailiúcháin airgid do chúis faoi leith, a chuaigh i bhfeidhm go mór orthu. Dála na céadta mílte daoine ar dhroim an domhain seo, chonaic agus léigh siad fán scrios agus an slad uafásach a rinne an tíofún Haiyan, a threascair roimhe agus ina diaidh i bPoblacht na nOileán Filipíneacha. Dá bharr an uafáis scáfar seo, thuig aos óg na pobalscoile go raibh na mílte daoine óga i gcontúirt agus i mbaol báis agus cha raibh said sásta seasamh siar agus a gcuid maidí a ligint le sruth. Ghlac siad seasamh láidir agus é mar rún acu lámh chuidithe a shíneadh amach chucu sin a bhí fágtha ar an ghannchuid.

Go díreach mar a bhí an aos óg seo fial agus díograiseach ina gcuid iarrachtaí, bhí an pobal níos leithne agus ar ndóighe a gcomhscoláirí féin fial flaithiúil leo mar thoradh. Thosaigh siad i seomra ranga s'acu féin, le feachtas a bhí beag ach a bhailigh neart agus fuinneamh. Bhí rabharta rathúnais agus cineáltais mar thoradh air agus bailíodh suas le €3,050 in am iontach gairid ar fad. Seoladh an t-airgead seo ar aghaidh le ' cuidiú leis na daoine bochta agus na paistí beaga bochta, nach bhfeicfidh siad choíche. Iad sin a chaill achan rud ins an tíofún' mar a luaigh an tSiúr Caitlín Nic Giolla Chomhaill de bhunadh Ghaoth Dobhair, atá ag obair thall sna hOileán Filipíneacha faoi scáth Ord Siúracha Naomh Columban.

Is sampla galánta an gníomh carthanachta is cineáltais seo de chuid an aos óig, I dtaobh freagracht shóisialta agus daonna i leith a chéile, go speisialta nuair a thig cruaidh in am an ghá 's an ghátair. Nach fíor go músclaíonn an deá-shampla seo de chruthaíocht agus cineáltais an aos óig agus iad ag feabhsú an domhain, spiorad na hÓige, gan trácht ar scáileanna 's macallaí na maitheasa i ndúlaíocht mo chroí istigh an geimhreadh seo. 'Mol an óige agus fásfaidh sí.' Nach maith an aos óig, bígí bródúil go deo asaibh féin agus as bhur n-iarrachtaí.

## Fógraí Pobail

**RANGANNA:**

● Cúrsa amhránaíochta ar an sean-nós do pháistí, leis an amhránaí Patricia Nic Ruairí. Beidh aoi-cheoltóirí speisialta ag freastal ar an chúrsa. Ní mhór Gaeilge a bheith ag na páistí. Ranganna maidin Shathairn sa tSeanbheairic, An Fál Carrach óna 11.30–13.30 (11 Eanáir–26 Aibreán). Costas: €3 rang.

**FOLÚNTAS:**

● Oifigeach Ceoil agus Cultúrtha - Post Páirtaimseartha (19.5 uair). Tiomanta chun ceol agus cultúr dúchasach an cheantair a chur chun cinn. Ard leibhéal litearthachta ar ríomhairí agus ar phacáistí taifeadadh ceoil. Scileanna maithe eagrúcháin. Spriocdáta: 23 Nollaig. Breis eolais ar fáil ach glaoch a chur ar Mháire ag Ionad Naomh Pádraig, Dobhar 074 9532949


**SIAMSAÍOCHT:**

● **Dinnéar Nollag na Seanóirí** in Ionad Naomh Pádraig Dé Domhnaigh 22 Nollaig @ 5 i.n. (Dinnéar, craic agus cuideachta). Bígí linn!

● **Ceolchoirm na Nollag sa tSeanbheairic** 21 Nollaig ag 8i.n. le Cór an Fhál Charraigh, Cór Scór an Fhál Charraigh; Patricia Nic Ruairí, Treasa Nic Laifeartaigh, Séamus Joe Jack, Danny Doherty, Con McFadden; agus aíonna eile. Saorchead isteach. Cuirfear bia agus deoch ar fáil.

● **Ceolchoirm: Nollaig Ghaelach** le Moya Ní Bhraonáin. Luan 23 Nollaig @ 7.30 i.n. Ticéid €15 ar fáil in Siopa Mhatt Bonner agus Ionad Naomh Pádraig. Chun Sochar Scoil Phádraig, Dobhar

● **Gradam Francie Mooney agus Ceolchoirm** in Ionad Naomh Pádraig 31 Nollaig @ 3 i.n. mar chuid de Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy. Ceol, céilí agus craic! 9.30 i.n. Ticéidí ar fáil san Ionad.



**SEIRBHÍS PAIDREOIREACHTA**

● Seirbhís Paidreoireachta faoin Spéir agus Paidrín na Beatha De Domhnaigh 29 Nollaig @ 6 i.n. Ollgharradh an Dóchais, Ionad Naomh Pádraig. Ag guí do baill teaghlaigh agus lucht cúram uilig.



Patricia Nic Ruairí (ar dheis) ar a bronnadh Scoláireacht Éamoinn Ghráinne ag ceol sa tSeanbheairic lena deirfiúracha, Helena agus Gráinne agus a neachtanna.

# Scoláireacht bronnta i gcuimhne ar Éamonn Ghráinne

Bronnadh Scoláireacht Éamoinn Ghráinne ar an amhránaí, Patricia Nic Ruairí ag ócáid speisialta sa tSean Bheairic ar an Fhál Carrach ar na mallaibh.

Is iníon le hÉamonn Ghráinne í Patricia agus seo an chéad uair a bronnadh an scoláireacht atá reáchtáilte ag an tSean Bheairic i gcuimhne ar an amhránaí a bhí báite i gcultúr agus oidhreacht shaibhir Thoraí.

Is í cuspóir na scoláireachta borradh a chur faoin traidisiúin a raibh Éamonn dílis dó agus cúrsaí amhránaíochta i gceantar Chloich Cheann Fhaola a chur chun cinn.

Beidh Patricia mar amhránaí cónaithe san ionad oidhreachta agus cultúrtha ar feadh tréimhse ocht mí.

Mar chuid dá dualgaisí, cuirfidh Patricia tús le cúrsa amhránaíochta do dhaoine óga. Dianchúrsa ceardlanna atá i gceist. Tabharfar deis do pháistí óga, idir 7 agus 12 bliain d'aois feabhas a chur ar a gcuid scileanna amhránaíochta. Beidh na ceardlanna ar siúil sa tSean Bheairic.



# Rí Thoraí ina rí ar an scuab



Saothar de chuid Pheatsaí Dan Mhic Ruairí (ar clé) atá mar chuid den taispeántas atá crochta sa Chultúrlann i mBéal Feirste faoi láthair.

Chan go ró mhinic a chluin muid scéal fá Rí ag tógáil na scuaibe agus chan le damhsa na scuaibe a dhéanamh, cé go mbíonn seo á dhéanamh aige thall is abhus, ach an scuab dathadóireachta le damhsa ar chanbháis, is mó a bhíonn idir lámh aige. Tá A Shoilse, an Rí Peatsaí Dan Mac Ruairí, Rí Thoraí, ag ceiliúradh 45 bliana i mbun scuaibe i mbliana. Síneann oidhreacht na healaíne agus traidisiún na péintéireachta siar i stair Thoraí go dtí na caogaidí, nuair a thug an t-ealaíontóir clúiteach, Derek Hill, cúl le tír mór le cur faoi i mbothán beag adhmaid thuas ar bharr na mbeann ar an oileán mara seo. Ghríosaigh Hill roinnt de bhunadh an oileáin le tabhairt faoin dathadóireacht agus ó shin i leith, tá neart saothair péintéireachta, a thig thar sáile anall chugainn agus iad ar taispeáint i ngailearaithe móra in Éirinn, sa Bhreatain, ar fud na hEorpa chomh maith le bheith ar fáil i neart bailiúcháin tábhachtacha, príobháideacha eile fosta.

Cé nach maireann aon duine den chéad glúin d'ealaíontóirí Thoraí, trócaire sa chré orthu, tig Peatsaí Dan sna sáltaí orthu agus é ar dhuine den chéad ghlúin eile atá i mbun dathadóireachta. Mar pháirt den cheiliúradh 45 bliain i mbun scuaibe, tá roinnt dá shaothar ealaíne le feiceáil i dtaispeántas atá ar siúl faoi láthair i gCultúrlann Mac Adam Ó Fiaich, i mBéal Feirste. Tá ocht bpictiúr is fiche ins an taispeántas seo atá ar siúl, i nDánlann na mBallaí Bána, go dtí an 5 Eanáir.


Ag labhairt dó ar Raidió na Gaeltachta, faoin taispeántas agus an oscailt oifigiúil, dúirt Peatsaí Dan; *"Ar an 5ú lá d'Iúil sa bhliain 1968, a bhí an chéad taispeántas agam i mBéal Feirste, gcuideachta James Dixon agus Séamus Mac Ruairí. Chan strainséir ar bith mé féin, nó ealaíontóirí Thoraí i mBéal Feirste. Bhí oíche mhór againn agus tháinig cuid mhór cairde de mo chuid, bailitheoirí, ceannaitheoirí agus daoine eile, ealaíontóirí agus cairde an láidir go deo dár gcuid le bheith linn. Tháinig ceoltóirí agus buailteoirí lena ngléasraí ceoil fosta agus thug siad oíche mhór dúinn uilig."*

Is saol agus áilleacht na radharcanna galánta farraige, chomh maith le timpeallacht an oileán a tchídh sé thart air, na tréithe is mó a bhíonn mar ábhar inspioráide ag Peatsaí Dan agus é i mbun scuabadóireachta. Cha n-amharcann Peatsaí Dan ar Thoraigh mar oileán duairc nó gruama, ach a mhalairt ar fad, mar oileán mara mistéireach, rómánsach atá ag cur thar maoil, le beatha agus beogacht de achan seórt. Cé gur stíl ealaín phrimitíbheach nó 'neamh amaideach', mar a thugann Peatsaí Dan féin air, a chleacht bunadh Thoraigh, níl a dhath primitíbheach fúthu sin atá go fóill ag meascadh na ndathanna 's ag buaileadh na scuaibe agus ag léiriú chomh tréan ina gcuid oibre ealaíne, an máistreacht ata acu ar an scuab, agus is fíor go bhfuil Peatsaí Dan ar dhuine acu seo. Fágann an mháistreacht scuaibe seo a léiríonn sé ina shaothar ealaíne, lorg ar intinn agus i gcroí, nach fursat do aimsir nó am a ligin i ndearmad. Féith an cheoil, féith na cainte agus go hairithe, féith an chanbháis ealaíne ag síor silleadh le radharcanna farraige agus tírdhreachanna ón *'chreag i lár na farraige'*, atá á cheiliúradh ins an taispeántas seo.

Gurbh fada buan an Rí i mbun scuaibe.

Ionad Naomh Pádraig
AG ÉISTEACHT LEIS AN PHOBAL AGUS AG GNÍOMHÚ AR A SHON
DOBHAR
ionadnp@eircom.net
074 9532949

cartún scadán caoch



# Anois an t-am le réiteach do phlandáil an Earraigh



**Blag na mBuataisí**

Go dtí seo, caithfidh mé a rá go bhfuil ádh orainn i mbliana ó thaobh na haimsire de. Tá aimsir bhreá nádúrtha againn do thús an Gheimhridh. Cé go raibh cúpla lá siocáin againn, léirigh staitisticí a tháinig amach le gairid gurbh í mí na Samhna i mbliana ceann de na Samhnacha is tirime agus is teo le blianta. Agus mar sin, níl a dhath againn a bheith ag gearán faoi go fóill ó thaobh na haimsire de.

Seo am ar an fheirm chun réiteach a dhéanamh fá choinne am plandála san Earrach. Fá láthair tá tochailt agus rómhar á dhéanamh ar na hiomairí glasraí fá choinne na bliana seo chugainn. Tá aoileach spréite amuigh ar na ceapacha ardaithe agus clúdach plaisteach dubh orthu. Cuidíonn seo leis an aoileach a bhriseadh síos fríd an chréafóg. Nuair a thiocfaidh am plandála beidh an t-aoileach i ndiaidh leas iontach a thabhairt don chréafóg agus nuair a bhéas síolta le cur beidh maitheas millteanach sa talamh.

Seo am maith chun carn aoiligh a thógail fá choinne réitigh a fháil de rudaí airithe ón teach. Muna bhfuil áit agat do charn aoiligh thiocfadh leat araid múirín a fháil ón Chomhairle Chontae i Leitir Ceanainn, nó ar an Chlochán Liath. Seo liosta beag de roinnt de na hábhair a thig leat a chur isteach san araid múirín.

Fuílleach ón tábla (ná cuir feoil, cnámha no iasc isteach ann mar go dtarraingeoidh siad ainmhithe), craicne torthaí agus glasraí, blaosc uibheacha, duilleoga, lustan, plandaí, duilleoga tae, cairtchlár agus nuachtáin. Is maith ábhar glas, cosúil le bearradh féir no craicne agus ábhar donn, cosúil le cairtchlár agus nuachtáin a mheascadh san araid múirín chun cothromú maith a thabhairt don mhúirín. Thig leat níos mó eolais a fháil ag **www.recyclenow.com/home_composting/**

Níl mórán a thig leat a dhéanamh o thaobh plandála de fán am seo den bhliain, ach tá bleibín beag amháin a thig leat a chur sa talamh, gairleog.

Ba chóir dó a bheith curtha roimh an lá is giorra sa bhliain, caithfidh tú na bleibíní a scaradh óna chéile agus na clóibh a chur sa talamh leis an phointe ar bharr. Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.gardenplansireland.com/ forum/about240.html**

Leis an obair sin uilig déanta beidh ocras oraibh agus fearas chistinigh amháin a bhíonn mise ag úsáid cuid mhór, ná an cócaireán mall ná an *slow cooker.* Úsáidim go rialta é agus bíonn béilte iontach blasta déanta leis, go háirithe le gearrthacha feola a bheadh rud beag níos saoire. Níl siad iontach daor le ceannacht agus ním i gcónaí dhá oiread agus thig liom leath dó a chur sa reoiteoir fá choinne dinnéir lá éigin eile. Ní chosnaíonn an cócaireán mall ach thart fá fiche cent chun béile a dhéanamh ar feadh 8-10 n-uaire cócaireachta!

Seo thall oideas chun stobhach mairteola a dhéanamh sa chócaireán mall.



Cé go bhfuil an aimsir ciúin agus bog ann, na déanaigí dearmad ar na héiníní fiáine, ma tá bord éin agaibh cuir amach cúpla píosa aráin nó síolta chun cuidiú leo tríd an Gheimhreadh agus cha bheadh a fhios agat caidé an cineál éin a thiocfadh ar chuairt agat!

## Stobhach Mairteola

1 kilo stéig stobhaidh (*stewing steak*)
salann agus piobar, ½ taespúnóg
2 chairéad, mionghearrtha
longa gairleoige, mionghearrtha
1 oinniún, mionghearrtha
3 phráta, díslithe
1 craobh shoilire, mionghearrtha
Duille labhrais
1 taespúnóg paiprice
1 taespúnóg purée trátaí
1 taespúnóg anlann Worcestershire
Stoc mairteola
35g plúr bán

Cuir an fheoil isteach sa chócaireán mall, i mbabhla beag, measc an salann, piobar agus plúr bán. Measc tríd an fheoil chun é a chlúdach go maith. Ansin cuir an chuid eile de na comhábhair isteach leis an fheoil. Cuir go leor stoc mairteola isteach sa chócaireán chun gach rud a chlúdach, cuir an clár ar an chócair-eán. Déan é a chócaráil ar shocrú íseal fá choinne 10-12 uair no 4-6 uair ar shocrú ard.



*—Bee na mBuatais*



**súil siar**

## Óró na buachaillí...

**Seanghrianghraf de bhaichle gasúir a tógadh taobh amuigh d'Amharclann Ghaoth Dobhair ar an 12 Márta 1978. Ó chlé: Pól Eoghan Eoin Mac Fhionnlaoich, Machaire Chlochair; Pól 'The Machine' Mac Giolla Easpuig, Cois Cláidí; Bernard Mór Ó Baoighill (le hata Garda ar a chloigeann), Bóthar na Trá; fear de chlann Joe Johnny; Pól Joe Johnny Mac Pháidin, Machaire Chlochair; Colm Ó Baoill, Bealach an Draighin; Myles Mac Giolla Easpuig, Cois Cláidí; PJ Joe Jack Ó Cuireáin, Ard na gCeapairí; Denis Jimmy Dinny Ó Gallchóir, Cois Cláidí; Tadhg Ó Baoighill, Bóthar na Trá (nach maireann, suaimhneas síoraí dó); Cuimín Mac Aodha Bhuí, Cois Cláidí; Jimmy Ó Baoighill, Bóthar na Trá agus Cois Cláidí; Rónán Ó Flatharta as Inis Mór, Árainn na Gaillimhe.**

**Iarla Mac Aodha Bhuí, Cois Cláidí a ghlac an grianghraf.**



Sheol Cumann Cairdeas Chloich Cheann Fhaola an leabhrán oideas Blas de Bhácáil Bhaile in Siopa Pobail an Fháil Charraigh ar na mallaibh. Cuid de Phobal le Chéile is ea an Cumann Cairdeas.

# Ceolchoirm na Nollag sa tSeanbheairic

Cuirfidh an tSeanbheairic ceolchoirm na Nollag i láthair ar an 21 Nollaig ag 8.00 i.n. Is deis í éalú ón bhrú agus ón strus a chuireann tomhaltachas agus ábharachas na Nollag ar dhaoine. Ceolchoirm shimplí agus nádúrtha a bheidh ann. Cothófar atmaspheár suaimhneach, draíochta agus beidh coinnle agus soilse galánta lasta san amharclann. Déanfar ceiliúradh ar an oidhreacht shaibhir ceoil agus amhránaíochta atá sa cheantar. I measc na gceoltóirí agus amhránaithe a bheidh páirteach, beidh Cór an Fhál Charraigh; Cór Scór an Fhál Charraigh; Patricia Nic Ruairí agus clann; Treasa Nic Laifeartaigh; Séamus Joe Jack agus Danny Doherty; Con McFadden; agus aíonna eile.

Ceolfaidh páistí óga atá ag freastal ar chúrsa amhránaíochta ar an sean-nós carúil Nollag i nGaeilge. Cuirfear fáilte roimh amhránaithe agus ceoltóirí páirt a ghlacadh agus amhrán a cheol i dteanga ar bith! Taispeánfar an clár faisnéise *Ceol na nOileán —Toraigh* ag tús na hoíche. Tá saorchead isteach agus beidh bia agus deoch ar fáil.

# Ceo draíochta i gcoim oíche do sheol mé....



## Colún Nóra Chit

Tig le duine titim de mhuin na muice isteach in umar na haimléise (agus ó cliché go cliché) i bpreabadh na súl. Bhí mé ar mo bhealach ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Cluainín i gContae Liatroma i gcarr '05, úr ceannaithe álainn. Bhí sé ag tiomáint go binn agus bhí mé sásta go bhfuair mé margadh maith ann. Ag tarraingt ar Achadh an Iúir (alias Virginia í ndiaidh na banríona udaí) las solas an ola. Nuair a d'amharc mé ar an bhata sa stáisiún pheitril i Machaire ní raibh deor amháin ola air. Bhí mo mhuinín ag criathrú go gasta, ach bhí fear óg múinte lámhach ar chúl an chuntair a thug misneach éigin ar ais domh. Uair a' chloig níos déanaí agus i ndiaidh dó trí lítear ola a chur san inneall, ar aghaidh liom. Ach ag Eanach bhí an bealach druidte agus *Malairt Slí* fógraithe. Bhí sé mall san oíche dhubh cheobhránach. Lean mé an saighead agus gan mhoill bhí mé im "óinmhídhe ar strae" fríd bhealtaí caola cúnga gan amharc ar an chéad fhógra eile a d'inseódh domh nach ar fán ar fad a bhí mé "í dtíortha thar m'eolas í gcéin" le carr fabhtach fúm is gan príomhchara díograis — nó aon duine eile — im' chomghar. (Bhí anchomhbhá agam le Eoghan bocht an bhéil binn fán am sin). Ach d'aithin mé rud amháin — ní raibh leagan Gaeilge ainmneacha na háite ar na chomharthaí — bhí mé áit inteacht i bhFir Manach — agus mhothaigh mé an easpa go géar.

Ag taisteal fríd dheisceart na tíre domh, giorraíonn na comharthaí an bóthair; bím ag meabhrú ar an léiriú a thugann an bun-ainm Gaeilge don Bhéarla gan chiall, nó ar an choimlint idir an dá leagan. Idir Bailieborough agus Coill an Chollaigh mar shampla. Cé nó caidé 'bhí in Bailie a thug ar na daoine glacadh leis an ainm úr? An amhlaidh gur leagadh na crainn a thug foscadh don mhuc fhiain úd? Agus, ar ndóigh, glactar seilbh ar áit nuair a ainmnítear í. Tá *Ardee* gan bhrí go dtí go léitear Áth Fhirdia; táthar láithreach ag gluaiseacht tríd Muirthemne, thar an áit inar tharla an troid chinniúnach uasal idir Cú Chulainn agus Ferdia.

Agus ar ndóigh cailleann mná a stair fhéin nuair a athraíonn siad ainm ar phósadh dóibh. Bhíodh mo sheanmháthair ag maíomh — le mórtas cine Mhuintir Chiarraí — gur shíolraigh sí ó Aodhagáin Ó Rathaille agus ba tríd líne na mban a leanstan a rinne sí an ceangal. Rud níos suimiúla fós, chuaigh an líne sin fríd Neill Clifford, bean ghlúine a thaisteal an ceantar ar mhuin chapaill i mbun a cuid oibre chabhraigh trí ghlún siar ó'm sheanmháthair. Nach deas go maireann a clú siúd. Ó Eoghan Rua go hAodhagán i scríob de pheann.

Do bé deireadh an seachráin slí gur stad mé go fíorthuirseach deorach (deora bhuíochais) sa Chluainín i ndeireadh na dála agus nach bhfuil faoiseamh agus fáilte insan ainm sin fhéin! Bhí mo sheana chroí dúr ar a shuaimhneas.

# Dreapaire na Nollag

## Eidhneán
*Hedera helix*

***Hedera cum se sustinere non possit, muris et arboribus innixa surgit.***
(Ón lámhscríbhinn Zoilomastix (1626) le Don Pilib Ó Súilleabháin Béara)



Is anois, i gceartlár an Gheimhridh, atá eidhneán i mbarr a mhaitheasa. Tá mórchuid de na crainn lom ag an am seo, nochtaithe ó thaobh dhuilliur de ach tá eidhneán follasach agus é glé glas. Agus níos suantasaí, tá eidhneán faoi bhláth agus, ina dhiaidh sin, trom le torthaí sa tréimhse seo.

Ní bheidh gach uile planda ag bláthú, áfach, mar go bhfuil eidhneán démorfach. Nuair atá sé ag fás ar thalamh nó ag dreapadh in airde ar chrann, balla, claí nó cuaille teileagraif) tá an cruth aitheanta cúig rinn ar na duilleoga. Agus an barr bainte amach aige éiríonn sé tomógach, bíonn na duilleoga níos simplí agus tig leis bláthú.

Tá na bláthanna féin measartha beag, glas, neamhfheiceálach. Bíonn siad bailithe ina umbail. Tá cuma shimplí ar na blátha, déanta go bunúsach de dhiosca a thairgíonn neachtar agus cúig staimín mórthimpeall air. Cuireann siad cuid maith neachtair ar fáil agus meallann sé seo cibé saghas feithid eitilte atá ann ag an am seo den bhliain.

Is foinse chothaigh fíor thábhachtach í seo do na beacha, cuileanna agus foichí. Is amhlaidh mar atá na sméara a leanas d'éin go háirithe an lon dubh, an smólach agus an colm coille.

Tá eidhneán sa ghrúpa nó fine Araliaceae. Tá tuairim is 1500 speicis sa ghrúpa seo, 11 sa géineas Hedera. Tá ball amháin dúchasach d'Éirinn, *Hedera helix*. Is hedera an laidin ar eidhneán agus is focal Gréigeach é helix a chiallaíonn caisirnín nó bís. Ach meastar gur speiceas ar leith atá i *Hedera hibernica* atá anseo fósta. Níl ach mionéagsúlachtaí i gceist ó thaobh dhealraimh de ach go micrascópach tá uimhir chrómasóm difriúil acu.

Is planda gharraí an-choitianta an eidhneán agus tá thart fá 400 cultibhar nó cineál ann. Tá seo suimiúil mar gur fuath le go leor duine an dreapaire siocair go bhfuil droch-cháil air.

Tá sé luaite ag Don Pilip sa Zoilomastix nach bhfuil eidhneán féinchothaitheach agus go bhfásann sé le taca balla nó crann. Níl seo go hiomlán fíor. Fásann sé ar thalamh go dtí go aimsítear rud le dreapadh air. Nuair atá sé ag fás in airde ghníonn sé seo le fréamhacha mionathraithe a thagann as taobh íochtar na ngéaga.

Ní oibríonn said mar gnáthrútaí ach ag ceann gach ribe tá diosca beag lena ngreamaítear an planda do rud eile. Ar na mallaibh fuarthas amach go mbaineann na dioscaí úd úsáid as gliú ar leith chun greamú. Is an gné áirithe atá ag seo ná go bhfuil sé déanta de mionghráinníní aonghnéach le cosaint in éadan solas ultra-vialait. Tá staidéar bhithleighis á dhéanamh ar an ábhar seo mar meastar go dtiocfaidh leis a bheith anúsaideach.

Tá tuairim ann go dtig le eidhneán damáiste a dhéanamh do bhallaí agus go bhfuil drochthionchar aige ar na crainn ar a ndreapann sé.

Nuair a tharlaíonn seo is minic gur seanbhalla meata nó crann ag deireadh a réime atá i dtreis. Sna tíortha inar tugadh isteach é agus atá feiliúnach dó, áfach, thig leis plandaí dúchasacha a chur faoi scáth. Tá ionradh déanta i Meiriceá, an Astráil, an Nua Shéalainn agus an Bhrasaíl.

Tá eidhneán in ann cúig chead bliain nó níos mó a bhaint amach.

Sa tsean-am bhí eidhneán tiomnaithe do Bacchus agus bhí sé mar chomhartha dílseachta. Bhí nós siombalach ann é a bhronnadh ar lánúin agus iad ag pósadh.

Cé go bhfuil eidhneán in úsáid mar mhaisiúchán Nollag, níl an nós chomh coitianta is a bhí. Meastar go bhfuil baint aige seo le bac a chuir Comhairle na hEaglaise sa mheánaois leis an cleachtadh siocair go raibh baint tréan aige leis an phágántacht. Tá cuileann *Ilex aquifolium* níos coitinne sa lá atá inniu ann chun tithe a oirnéal. B'fhearr i fhad eidheann a úsáid mar go bhfuil sé níos forleithne, níos gaiste ag fás agus ábalta gearradh siar a fulaingt.

Tá eidhneán an-tábhachtach do fhéileacán ar leith, an Gormán Cuilinn *Celastrina argiolus*. San Earrach bíonn na boilb beo ar chrann cuileann ach tá an dara ál ann san Fhómhar agus tá siúd cothaithe ar bhachlóga an eidhneáin.

Níl an planda chomh nimhiúil is atá curtha ina leith ach, sin luaite, tá ribí beaga ar na duilleoga a fhágann deirmitíteas ar roinnt daoine maraon leis an súlach. Is iontach mar sin go raibh eidhneán mar luibh in éadan galair craicne go háirithe. Bhí roinnt mhaith leigheas eile luaite leis; ina measc craobhóga bruite in im do dhuine dóite ag an ghrian agus bhí sé ráite go raibh na caortha mar chógais don phlá, an Galar Dubh. Agus leigheas na póite tar éis barraíocht fíona bheith ólta; an oiread céanna den fhíon a ghlacadh ach an iarraidh seo le duilleoga eidhneán ar maos ann.

Bhí sé in úsáid chun éadach a dhathú — buí agus glas ó na duilleoga agus bándearg agus liath ó na caortha.

Tá an planda síorghlas seo iontach coitianta in Éireann mar gheall ar an aeráid chineálta agus mar go bhfuil cuid maith de chrainn anseo ag fás mar fálta, agus fóireann seo dó. Ar an mhórroinn tá sé teoranta mar go dtig leis an aimsir bheith ró-throm sa gheimhreadh.

Tá caomhnú air i roinnt tíortha.

***–Conall Mac Conn Mire***

# OMD, überGaeil agus léibeanna dóighiúla

Tá iomrá mhór le Teach Hiúdaí Beag, agus bhí an Bleachtaire ag dréim le ceol agus cuideachta mhaith, gan trácht ar phiontaí deasa blasta, nuair a bhuail sé isteach ann ar an Satharn deireannach den mhí seo chuaigh thart.

Bhí scéalta cloiste agam faoin Chabaret Craiceáilte, ach d'fhan mé ar shiúl uaidh, mar go bhfuil fuath agam ar na über-Gaels a shamhlaigh mé a bhíonn ag a leitheid. Ach chuir mé mo chuid barúlacha claonta ar leataobh sa dóigh is go mbeinn ábalta blaiseadh a fháil de shaol seo na nGael*ier-than-thous*. An chéad rud a bhuail mé, nuair a shiúil mé thar tairseach isteach gurbh éigean dom 5 bhonn airgid a thabhairt do bhean an dorais. 'Íosa Críost' adúirt mise, nach bhfuil mé ábalta buckin pionta a ól faoi phléisiúr sa teach leanna anois, gan táille a bheith ar an doras?' Tá mé chóir a bheith cinnte gur chuala mé í ag rá '*tight ass*' faoina h-anál nuair a shiúil mé thart leí.

*Anyways*, isteach liom, agus boc inteacht a raibh cuma Bob Marley geal air thuas ar an stáitse agus é ag ceol fá Babylon i nGaeilic. '*Yeah, sure, it'll never take off*' a dúirt mé leis an fhear ag mo thaobh, ach níl mé ag déanamh gur thuig sé mo chuid Gaeilge. Thug mé an darna amharc ansin air agus thabharfainn mionna gur fear de chuid an IRA a bhí ann, an boighean údaí a léigh amach ráiteas an IRA nuair a bhí siad ag cur na ngunnaí i bhfolach, nó á




**@ an Chabaret Craiceáilte,**
**Tigh Hiúdaí Bhig, An Bun Beag**

n*decomissionáil* nó cé bith caidé a thabhrann tú ar a leithéid. '*Gotta slow done boy*,' a dúirt mé liom féin, agus mé ag feadalaigh '*hallucinations once again*' liom féin.

Bhí dhá phionta agus leithcheann caite siar agam fán am seo, agus bhí fear inteacht as Baile Átha Cliath, Dicey Reilly ag ceol amhráin deasa pléisiúrtha. Bhí an teach lán agus aoibh an gháire ar achan aghaidh. *Jesus*, chan seo an rud a raibh me ag dréim leis. Bhí an teach *chock a block* le léabacha.' *It's no* Éigse Uladh *babe*' adúirt mé le léab dhóighiúl fionn ag an bheár, a raibh OMD scríofa i litreacha móra ar a t-léine. 'Ní thuigim' adúirt sí. '*They were a great band, Orchestral Manoeuvres in the Dark*' adúirt mise. D'amharc sí orm go hiontach. '*I just loved Architecture and Morality*' adúirt mé agus mé ag díriú mó mhéar agus mo theangaidh ar a t-léine. 'Ó MO DHIA, a amadáin' a dúirt sise, 'focáil leat a pherv'.

Níl *buckin clue* ag an mhuintir óga seo.

Bhí giotáraí ar an stáitse anois, fear óg as Ceatharlach, a dúradh liom. Shane Hennessy. Wow, adúirt mise. '*Awesome*' a dúirt fear ag mo thaobh. OMD a dúirt an Blondie.

'Tháinig dream óg as na Rosann, Transit Getawayoutofthat ar an stáitse ansin, agus iad ag léimtigh thart mar a bheadh cúpla gamhain óg ann. '*Not bad*' adúirt mise le seanleaid darbh ainm Niall Anthony a bhí ag caitheamh siar piontaí ag an chabhantar, mo dhálta féin. '*Not good either*' adúirt seisean agus méar in achan chluas aige. Is doiligh achan nduine a shásamh. Déarfainn gur Declan Nerney nó an *JCB man* a shásódh an fear céanna. *Different strokes* srl.

Thoisigh DJ Daithí Dolba ag bualadh amach léir *tunes* maithe reggae agus ska ansin. Bhí an fear beag dubh, atá ag obair ar chúl an bheár, ag damhsa leis agus é ag tarraingt na bpiontaí. '*Nice one bro. I love your Afro and the multi cultural vibe in the joint man*' adúirt mise leis. 'Nach bhfuil buckin Gaeilic agat' adúirt sé. Chóir a bheith gur thit mé as mo sheasamh. Fear dubh le Gaeilig ag obair i dTigh Hiúdaí. '*Respect*' adúirt mise leis '*respect*'. *I could have sworn* gur dhúirt sé 'saigh suas do thóin *é*' ach níl dóigh ar bith go ndéarfadh fear beáir a leithéid sin leat.

Da réir mar a bhí na piontaí ag gabháil siar, bhí mé ag titim i ngrá leis na Gaeil seo. Bhí peileadóir iomráiteach ag mo thaobh. Níl caill ar na Gaeil seo, adúirt mé leis. '*Up the Gaeliban*' adúirt Éamonn, '*Keep it* Gaelach a ghiolla údaí'.

Ag an phoinnte seo, bhí fear tí an Chabaret, fear mór ramhar, a raibh aghaidh air nach mbeadh grá ag an Mháthair Treasa féin dó, ag cur thairis agus ag gabháil buíochais le achan nduine as seo go Timbuktu. 'Tá achan rud anseo' adúirt mise agus mé ag síneadh mó mhéar i dtreo an fhir ramhair ar an stáitse. '*The good, the bad, and the ugly*' a dúirt mise. Chóir a bheith gur thacht Niall Anthony ar a phionta.

Ní raibh stad ar bith le fatboy. 'Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le blah blah blah'. Ní raibh deireadh ar bith leis. 'Blah blah … buíochas leis an scaifte Gaeil as Doire … blah blah … agus an scaifte Gaeil as Béal Feirste … blah blah … scaifte iontach deas a bhíonn ag freastal ar na ranganna Gaeilge sa Chultúrlann i nDoire … blah buckin blah … mo bhuíochas fosta leis an fhoireann uilig 'dTigh Hiúdaí, Teach Sheáin Óig, … blah blah … Siopa Mhicí,… blah blah … Busanna John McGinley agus Padaí Gallagher, Siopa Mhatt, agus Rosg … blah blah … gan trácht ar na ceoltóirí….

'*Enough already*' a bhéic Scratch ón scaifte. ''Bhfuil deireadh ar bith lena chuid cainte?'

'Sin Séanna ansin' adúirt Micí liom 'an lad a léigh amach ráiteas an IRA. Bhí sé féin agus cúpla fear eile ag láinseáil leabhair anseo níos luaithe inniu.' 'Hi' adúirt mise 'bhfuil seans ar bith go bhfuil gunna ar bith fágtha fán teach, le piléar a chur san amadán sin thuas ar an stáitse'.

*Nasty looks all around.*

Bhí braon maith sa ghrágán fán am seo. Am baile. C'uair a bhéas an chéad Chabaret eile ann? Mar adeir Arnie, beidh mé ar ais, *with bells on baby*!

—*An Bleachtaire Siamsaíochta*

> Thug mé an darna amharc ansin air agus thabharfainn mionna gur fear de chuid an IRA a bhí ann, an boighean údaí a léigh amach an ráiteas nuair a bhí siad ag cur na ngunnaí i bhfolach, nó á ndecomissionáil nó cé bith caidé a thabhrann tú ar a leithéid. '*Gotta slow done boy*,' a dúirt mé liom féin, agus mé ag feadalaigh '*hallucinations once again*' liom féin.



Feargal Mac Ionnrachtaigh, údar *Language, Resistance and Revival* i gcuideachta Piaras Mac Alastair, Hugh Beag Corcoran agus Séanna Breathnach, ag an Chabaret Craiceáilte



Marina Ní Dhuibhir agus Michelle Ní Fhearraigh, Mín Lárach ag an Chabaret i dToigh Hiúdaí Bhig.



Pól Larkin agus, Marina Nic Giolla Bhríde as an Charraig i nGaoth Dobhair.



An t-amhránaí Caoimhín Mac Giolla Chatháin ag ceol ag an Chabaret.



Aodán Ó Cearbhaill as Carraig an tSeascainn agus Cathal Campbell as Machaire Chlochair.




Peter Mac Aoidh, James Mac Suibhne, Caoimhín Ó Casaide, bainisteoir úr fhoireann sinsir Ghaoth Dobhair agus an réalt peile Contae, Neil Mac Aoidh ag baint spórt as an Chabaret.



# Neartú Chreideamh an Mhinistir

Gearrscéal le **Brighid Uí Mhonacháin**

Bhí an tOirmhinneach Sidney Mac a' Phearsain ag rí na héille le ghabháil i gceann oibre ina pharóiste úr. Ministir díograiseach a bhí ann a raibh na hacraí riachtanacha aige le treabhadh i ngort Dé — an óige, an éirim agus an oiliúint. Bhí dóigh mhaith aige le daoine agus ciall don ghreann aige. Thiocfadh leis comhrá a bhaint as cloch. Thar aon rud eile bhí an daonnacht go smior ann. Bhí ar a chumas ariamh croí daoine a bhogadh.

Ins na bailte móra a bhí sé ag obair ach anois ní raibh roimhe ná ina dhiaidh ach cnoic agus caoirigh, caoráin agus ceannabhán. Ariamh chuir sé fána choinne cúram ar leith a dhéanamh d'uaigneach agus d'easlán. I dtaca le cumhaidh de b'ionann baile mór agus tuath. Thuig sé fosta go dtiocfadh leis riar don chuid eile dá thréad sa teampall Dé Domhnaigh agus bhí rún aige leanstan don mhodh oibre sin ina pharóiste úr.

Ghníodh sé liosta de na daoine a rachadh sé ar cuairt acu agus bhíodh blúiríní beaga eolais cruinnithe aige fá achan duine acu leis an chomhrá a éascú. B'annamh leis trácht ar Dhia nó ar theampall agus é ar cuairt acu nó chreid sé gurb é an caradas agus an daonnacht an chonair chun Dé.

Bhí Humphrey Burns ar an chéad duine ar a liosta agus lá amháin i ndeireadh an Fhómhair d'imigh sé ag triall ar a theach. Bhí cónaí ar Humphrey i seanteach a raibh balla cloiche thart ar a gharradh lena chosnú ar ghaoth agus ar chearca. Ní raibh clog féin sa teach. B'annamh a lastaí lampa nó d'éiríodh Humphrey agus théadh sé a luí leis an ghrian. Fear cráifeach a bhí ann ar ghnách leis píosaí as an Bhíobla Naofa a léamh achan lá. Sa teach seo a rugadh agus a tógadh Humphrey agus a dheartháir Arthur. Nuair a bhí siad óg bheireadh a muintir chun teampaill iad Dé Domhnaigh agus nuair a fuair siadsan bás lean Humphrey ar aghaidh ag cleachtadh chreideamh a shinsir. Ach b'fhada an lá anois ó bhí sé sa teampall nó ó d'éirigh sé as an ghnás nuair nach raibh sé ábalta ar ghabháil suas ar a rothar níos mó. Níor chronaigh sé an teampall nó ní raibh an saol mar a bhí. An mhuintir a mbíodh sé mór leo bhí siad chomh haosta leis féin agus an chuid acu nach raibh marbh bhí siad ag éileamh.

Chomh luath agus a leag an ministir a lámh ar laiste an gheafta thoisigh madadh a thafann. Ar thoradh moille nocht an seanfhear, cos throm leis, sprochaillí faoina shúile, a ghruag scáinte, léinidh gharbh agus bríste donn de chorda'n rí air. D'aithin sé an ministir ar a chulaith agus ar a choiléar. Chuir sé brathladh ar an mhadadh agus chuaigh ag bacadrú ionsar an mhinistir. I ndiaidh lámh a chraitheadh le chéile, isteach leo chun tí agus iad ag comhrá i rith an ama. Gan chuireadh gan iarraidh shuigh an ministir ar stól, chuir a chosa trasna ar a chéile, shín a lámha amach agus rinne a ghoradh ag an chraos tineadh. Ba léir ar mhéad agus bhí de dhusta ar an stól gur fada ó shuigh aonduine air.

"Gan chuireadh gan iarraidh shuigh an ministir ar stól, chuir a chosa trasna ar a chéile, shín a lámha amach agus rinne a ghoradh ag an chraos tineadh. Ba léir ar mhéad agus bhí de dhusta ar an stól gur fada ó shuigh aonduine air".

'Tá an lá ag cailleadh, 'Humphrey. Ní fada uainn an geimhreadh'

Thoisigh siad a chaint fá chonnadh agus fá theas! Bhí an citeal ar ligean agus dúirt Humphrey go raibh sé go díreach fá choinne bolgam tae a dhéanamh sula dtearn an madadh tafann.

'Is cosúil gur rugadh in am mo chodach mé'

Thairg sé bolgam don mhinistir a ghlac leis le fonn. Bhí an taobh istigh den chupa chomh donn le bachta mónadh agus bhí a bhéal gágach. Ach oiread leis an dusta ar an stól, má chuir an cupa as don mhinistir níor lig sé a dhath air.

'Deirim leat tae! Is breá liom tae láidir. Thiocfadh le luchóg seasamh ar an chuid seo'.

Rinne an bheirt acu gáire. Thóg Humphrey an Bíobla dá chathaoir, d'fhág ar an urlár é agus shuigh.

'Tchím go bhfuil tú rud beag bacach, 'Humphrey. Ar ghortaigh tú do chos?'

'Níor ghortaigh. Dúirt an doctúir gur *arthuritis* atá ann ach tá mise mé féin cinnte gur piantaí cnámh atá ann'.

'Nár mhol sé leigheas ar bith?'

'Mhol sé piollaí áirithe agus caithim anois agus arís iad leis an phian a mhaolú. Creidim go siúlann na piantaí sin leis an tseanaois agus níl leigheas ar an aois. Sin a bhfuil de.'

'Bhí na piantaí céanna ar mo mháthair ó bhí sí na trí scór' arsan ministir. Bheirim fa dear go bhfuil caoirigh sa pháirc thuas. Cé leis iad?'

'Is liomsa iad' arsa Humphrey.

Lig an ministir iontas air.

'Agus caidé mar a éiríonn leat tréadaíocht a dhéanamh agus tú bacach?'

'Éiríonn go breá liom. Tá mo chroí istigh ins na caoirigh. Tá nia liom ina chónaí beagán mílte uaim a bheir lámh chuidithe domh i seasúr na n-uan, coinníonn sé súil ghéar ar chúrsaí aimsire ar mo shon agus cuidíonn sé na caoirigh a chluicheadh nuair a bíos baol sneachta ann.'

'Bhuel bhuel. Tá dóigh mhaith ort mar sin de?'

'Tá dóigh rí orm. Chonaic tú an choillidh udaigh agus tú ar do bhealach isteach, a Oirmhinnigh. Bhuel, bheirtear soláthar adhmaid as sin chugam go tráthrialta. Tá bothán amuigh anseo agam agus tá sé líonlán. Chá bhíonn fuacht orm in am ar bith. Tá éanlaith agus uibheacha agam, glasraí agus torthaí agus thig siopa siúil an bealach dhá uair sa tseachtain.'

Nuair a bhí uair a' chloig nó mar sin de chomhrá déanta acu agus an lá á chaitheadh, dúirt an ministir gur mhithid dó imeacht nó gur mhaith leis a bheith sa bhaile le solas an lae. Dúirt sé go dtiocfadh sé ar cuairt arís aige. D'iarr Humphrey air fanacht tamall beag go bhfaigheadh sé cupla ceann cáil dó. Nuair a phill sé bhí sac aige lán de ghlasraí agus de thorthaí agus thug don mhinistir é. Rinne sé a chomóradh a fhad lena charr agus thug sé duisín uibheacha dó ar leabaidh chocháin i seanbhearad. Ghabh an ministir buíochas leis agus dúirt go gcuirfeadh na bronntanaisí sin gliondar ar a bhean agus ar na girseachaí.

Sular shuigh sé isteach sa charr chuimhnigh sé ar na sprochaillí faoi shúile an tseanfhir.

'An gcodlaíonn tú go maith san oíche, 'Humphrey?'

'Leoga, ní chodhlaím. Bíonn achan oíche ina lá agam. An aois is cúis leis sin fosta, is dócha.'

Dúirt an ministir leis go raibh aithne aige ar fhear a raibh an rud céanna ag cur as dó.

'Fear mór caorach, do dhálta féin atá ann agus tá seift aige. Luíonn sé ar shlat a dhroma agus samhlaíonn sé dó féin tréad caorach ag teacht fríd bhearnaigh, ceann i ndiaidh an chinn eile. Théid sé á gcuntas agus sula mbíonn siad uilig fríd an bhearnaigh, titeann sé ina chodladh. Caidé do bharúil de sin,'Humphrey? Is fear mór caorach thusa. Nach gcuntasann tusa iad?

'Dheamhan cuntas. Ní dhéanaim ach luí ansin ag déanamh mo chomhrá leis an Tréadaí.'

• Rugadh agus tógadh Brighid i mBéal Feirste. Tá cónaí uirthi i nGaoth Dobhair, áit ar bhog sí féin agus a clann i 1973. Bhí suim mhór ariamh aici sa léitheoireacht agus is é seo an rud a spreag a cuid suime sa scríbhneoireacht. Tá sí páirteach i gCiorcal Scríbhneoireachta Ghaoth Dobhair agus foilsíodh gearrscéalta léi sa gcnuasacht Go dtí an lá bán a d'fhoilsigh an comhlucht áitiúil Éabhlóid anuraidh. Tá sí pósta ar Thomás agus tá seisear clainne acu.

## *An tSeanbhean Bhocht*

Beag nár thit mé as mo sheasamh
Ar fheiceáil na Seanmhná Boichte
Ach beag folaithe sa scrobarnach
A seanbhróga cáidheacha gan sála
Ag gobadh amach as an díog
Mar a bheadh crúba Bó ann
Thug sí seanamhrán i mo cheann domh
A cheoil mo sheanmhúinteoir scoile fadó
Nach raibh agam a thuilleadh ach an port
Lena craiceann smálta chomh dubh le gual
Ba chosúla le muc i gcró na muice í
D'fhág sí blas bréan i mo bhéal
Agus urlacan folamh le samhnas orm
A clibín gruaige scáinte amhail grágán
Gan treoir, ná dóigh, ná cúram ar bith
Agus an dóigh ceannann céana
Ar a seanéadaí dú-salach, smolchaite
"Ba bhanríon mé uair den tsaol" ar sí
"Ach nach suarach mo chás anois
Agus mo chlann ar shiúl le máthair eile
Nach mé a bhí soineanta agus ar seachrán
Níl aithne orm níos mó"
Bhí mallacht ina súile domh
Nár chreid mé a bréag as a béal
Seanmhallacht ina chanúint dothuigthe
Agus d'fhág mé í ina log codlata sa díog
"Bhíodh ceol agus céimeanna agam fadó
An phíob agus an chruit do mo shuaimhniú
Amhráin agus dánta do mo mholadh
Níl ann ach a macalla níos mó."
Níl tarrtháil ar bith ar an tseanbhean bhocht sin.

*Seán Ó Muireagáin*

# Snas curtha ar scileanna teicneolaíochta Chlub 50!

Bhí baill an Chlub 50 ag cur snasa a scileanna teicneolaíochta le gairid. Reáchtáil Séamus Ó Briain, Feidhmeannach Ríomhaireachta san Acadamh, cúrsa sé seachtaine go hiomlán as Gaeilge fána gcoinne. Bhí dhá aidhm ag an chúrsa, mar a mhínigh an Brianach: “Bhí mé ag iarraidh eolas a thabhairt daofa fá na féidearthachtaí a bhaineann le cuid de na huirlisí agus na feidhmchláir a tháinig ar an tsaol le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, bhí mé ag iarraidh iad a spreagadh le leagan Gaeilge de na feidhmchláir a úsáid.”



‘Fear na Ríomhairí’ Andy Caomhánach (ar chlé) agus Feidhmeannach Ríomhaireachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Séamus Ó Briain (ar dheis) in éindigh le baill den Club 50 a rinne cúrsa teicneolaíochta sé seachtainí san Acadamh le déanaí.

Labhair ball den Club 50, Annie Diver, fán dóigh a mothaíonn an grúpa i ndiaidh an chúrsa:

“Tá sé go hiontach go raibh muid ábalta foghlaim faoin teicneolaíocht úr go háitiúil inár dteanga dhúchais. D’fhoghlaim muid cuid mhór in achar gairid. Tá na háiseanna san Acadamh ar dóigh. Tá cuid mhaith eolais ag na léachtóirí agus tá siad thar a bheith cuidiúil.”

Tá an teicneolaíocht mar pháirt lárnach den saol anois. Eagraíonn Aoisghníomhaíocht Éireann agus Google comórtas bliantúil darb ainm *Silver Surfers* le daoine scothaoise a spreagadh le bunscileanna teicneolaíochta a phiocadh suas.

Bhí an Feidhmeannach Teanga, Mícheál Ó Domhnaill, páirteach sa chúrsa fosta agus labhair sé fan dóigh a raibh sé ina phróiseas foghlama d'achan duine: “Is cinnte go raibh cuid mhór le foghlaim ag foireann an Acadamh maidir le riachtanais na Scimeálaithe Scothaoise, mar a déarfá!. Bhí againn an cló a dhéanamh níos mó, am a chaitheamh ar úsáid na luchóige srl. Bhí sé iontach suimiúil ónár dtaobhsa taithí a fháil ar riachtanais na ndaoine nach bhfuil aon taithí acu ar an nuatheicneolaíocht.”

Mhínigh ‘Fear na Ríomhairí’, Andy Caomhánach, an tábhacht a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise a mhíniú go simplí do dhaoine nach raibh an deis acu foghlaim fá dtaobh di nuair a bhí siad ar scoil.

“Go minic, bíonn leisce ar dhaoine nár fhás aníos le ríomhairí ná le hidirlíon an teicneolaíocht a úsáid. Cluineann siad fá ríomhphost, skype, taibléidí, scimeáil ar an idirlíon, aipeanna, siopadóireacht ar líne srl, ach síleann siad gur dócha go bhfuil sé róchasta daofa. Bhí sé go hiontach bheith ábalta cuidiú leis an Chlub 50. Ba léir go raibh ní ba mhó muiníne acu de réir mar a chuaigh na seachtainí thart.”


Bíonn ‘Fear na Ríomhairí’ le cloisteáil ar Barrscéalta uair sa tseachtain. Is féidir é a leanúint ar an chóras giolcaireachta fosta: www.twitter.com/andycaomhanach



Oíche cheoil agus damhsa a d’eagraigh Gaelturas i dTigh Hiúdaí Bhig ar an Bhun Bheag ar na mallaibh.

# Cúrsaí foghlamtha Gaeilge do dhaoine fásta

Is tionscnamh é Gaelturas a eagraíonn cúrsaí foghlamtha do dhaoine fásta atá lán spraoi agus craic is atá dírithe uilig ar labhairt na Gaeilge chomh maith le blaiseadh láidir a thabhairt do dhaoine ar thraidisiún saibhir na Gaeltachta ó thaobh ceoil, amhránaíochta agus damhsa de! Is féidir tuilleadh eolais a fhail ar imeachtaí Ghaelturas ón suíomh www.gaelturas.com




# An bhfuil Gaeilge ag do ríomhaire?




Conchúr Mac Giolla Eáin

Tá sé ar intinn ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Gaoth Dobhair) scéim phíolótach a chur ar bun le húsáid na nuatheicneolaíochtaí i nGaeilge a spreagadh agus a bhrú chun cinn i nGaeltacht Thír Chonaill. Eascraíonn an smaoineamh don togra seo ó chruinniú faoi úsáid na nuatheicneolaíochta Gaeilge a ritheadh le linn an Oireachtais anuraidh.

Ar an drochuair, bhí sé soiléir ón phlé sin nach bhfuil pobal na Gaeilge ag úsáid na gcóras atá curtha ar fáil dóibh. Tá Séamus Ó Briain, Feidhmeannach Ríomhaireachta san Acadamh, ag reáchtáil na scéime agus mhínigh sé cad chuige a bhfuil an scéim seo tábhachtach:

“Is mór an trua nach bhfuil go leor de phobal na Gaeilge ag úsáid na gcóras agus na n-uirlisí atá curtha ar fáil dóibh. Caithfear dul i ngleic leis an drochnós sin agus pobal dílis úsáideoirí a chruthú ar mhaithe leis an teanga agus le misneach a thabhairt do na díograiseoirí teanga atá taobh thiar den obair cheannródaíoch seo. ”

Ba mhaith leis an Acadamh meascán maith den phobal bheith páirteach sa scéim phíolótach, idir thuismitheoirí atá tógáil clainne le Gaeilge, mhúinteoirí bunscoile agus meánscoile, ghnólachtaí agus eagrais stáit. Beidh an córas Linux, an feidhmchlár LibreOffice agus cluichí do pháistí mar pháirt lárnach den togra.

Mhínigh Ó Briain aidhmeanna na scéime: “Tá muid fá choinne taispeáint do na rannpháirtithe cén bealach is fearr leis an leagan Gaeilge den chóras Linux a chur ar a gcuid ríomhairí agus an dóigh is fearr le leas a bhaint as. Dhéanfaidh muid cúpla ceardlann a reáchtáil thar thréimhse dhá mhí agus tá súil againn torthaí an taighde a fhoilsiú in *Goitse*.”

“Tá lear mór buntáistí ag baint le Linux. Ar an chéad dul síos, tá an córas saor in aisce! Luíonn sé le ciall go mbeadh Linux in úsáid ag pobal na Gaeilge mar go bhfuil na huirlisí snasta seo uilig ar fáil saor in aisce mar pháirt de:

1. *Leagan iomlán lán-Ghaeilge.*
2. *Litreoir Gaeilge LibreOffice.*
3. *Cluichí oideachasúla do pháistí.*
4. *Réimse teangacha ríomhchlárúcháin (C++, Pascal, Fortran, Php, Python, Prolog Java).“Níl a leithéid ar fáil mar pháirt de MS Windows. Caithfidh tú íoc fá choinne Windows a úsáid, dar ndóigh. Tá féidearthachtaí móra ag baint leis seo sa mhéid is go dtugann sé deis do dhaoine óga blaiseadh a fháil ar an ríomhchlárúchán.”*
5. *Réimse leathan feidhmchlár: Gimp (grafaicí agus grianghrafadóireacht), Audacity (fuaim).*

Má tá an oiread sin buntáistí ag baint leis an chóras, cad chuige nach bhfuil níos mó daoine á úsáid? Mhínigh an Brianach: “Bhí cáil ar Linux mar chóras a bhí iontach deacair a chur ar do ríomhaire. Sin an príomhfháth nach n-úsáideann daoine é. Leis an fhírinne a inse is iomaí duine a scrios a gcóras agus iad ag iarraidh Linux a shuiteáil! Níl muidne chun an seans sin a ghlacadh. Tá muid fá choinne meaisín fíorúil (*virtual machine*) a chruthú ar ghnáth-ríomhaire agus Linux a rith air. Dhéanfaidh sin cinnte nach féidir dochar ar bith a dhéanamh don chóras atá in úsáid ag daoine faoi láthair.”

Más mian leat do ríomhaire a bheith saor agus Gaelach, cuir scairt ar an Acadamh ag 074 95 31919 nó seol ríomhphost chuig linux@goitse.org.

# Goitse na nÓg

## Tráth na gCeist do pháistí bunscoile

*(Freagraí i nGaeilge ar ndóigh!)*

- Cén contae a bhain craobh iomána na hÉireann 2013?
- Cén contae ina bhfuil Abhainn na Bóinne?
- Cén tír ina bhfuil Beithil?
- Cén lá a mbíonn Cluichí Ceannais na gClub ann i bPáirc an Chrócaigh?
- Cén contae ina bhfuil na Beanna Boirche?

Cuir na freagraí chuig **eolas@goitse.org** roimh 8 Eanáir. Beidh €10 duais don chéad duine amach as an hata. Cuir d'ainm, rang agus scoil leis na freagraí.

€10 LE BAINT!

## Cuardach Focal: An Nollaig

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | Z | J | T | F | F | R | Í | R | C | T | D | T | B | Í |
| Y | T | O | M | E | T | S | N | Ú | Z | U | O | N | É | O |
| N | F | S | Á | Z | Ó | P | R | N | C | O | S | T | B | S |
| O | H | Í | W | T | B | I | R | É | A | L | T | F | M | A |
| L | D | R | Ú | Q | Á | D | M | M | O | Á | E | F | W | N |
| L | Ó | Z | F | U | L | E | E | J | N | Y | Y | M | H | A |
| A | S | D | L | F | C | O | E | M | P | Í | Í | E | I | T |
| I | O | A | R | I | U | G | I | P | L | P | É | A | M | N |
| G | H | L | A | A | I | P | D | S | V | R | U | C | Ó | N |
| F | S | Á | É | S | L | T | Í | F | L | O | D | U | R | O |
| E | K | D | S | E | E | V | O | C | Y | O | É | S | N | R |
| V | D | S | N | E | A | C | H | T | A | G | Ú | O | H | B |
| O | F | Ó | I | X | N | Y | T | U | R | C | A | P | Á | Í |
| V | C | R | A | N | N | U | F | B | D | G | M | L | Á | L |
| S | Ú | Ú | M | H | A | P | O | N | Ó | O | Á | J | Á | P |

*An dtig let na focail uilig a fháil?*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Turca | Fia | Cuileann | Rudolf |
| Íosa | Spideog | Sneachta | Nollaig |
| Réalt | Crann | Mainséar | Bronntanas |



## An bhfuil na dántaí seo ar eolas agaibh?

### *An Nollaig*

Seo chugainn an Nollaig,
Is maith liom é.
Breithlá Íosa,
Breithlá Mhic Dé.

### *Coinneal na Nollag*

Lasfaidh mé coinneal na Nollag,
Agus cuirfidh mé í san fhuinneog,
Ag fáiltiú roimh Mhuire is an Leanbh,
A rugadh sa stábla fadó.

## Cad é mar a deir tú 'Nollaig Shona' i dtíortha eile?

**Tír na mBascach:** *Zorionak eta Urte Berri On!*

**Gaeilg na hAlban:** *Nollaig chridheil agus Bliadhna mhath ùr!*

**An Fhrainc:** *Joyeux Noel*

**An Phólainn:** *Boze Narodzenie*

Nach chuma cén teanga, bíodh Nollaig Mhaith agaibh go léir!



Daidí na Nollag ar cuairt ar ghrúpa máithreacha agus tachráin Tots le Chéile in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.




Áine agus Aoife Ní Dhónaill as Dobhar Láir a thug cuairt ar Dhaidí na Nollag ag Ionad Naomh Pádraig, Dobhar



Cúntóirí Santa: Breege Marie Ní Fhearraigh, Oifigeach Ceoil agus Cultúir san Ionad agus Tina Uí Ghallchóir, ball de Choiste Forbartha Dhobhair.


Léitheoirí Óga




Bíonn Lulú de shíor ag iarraidh a bheith istigh sa teach, agus bíonn Mamaí de shíor á ruaigeadh amach. Mura bhfuil sé sin sách dona, is eolaí beag é Jeaic. Is breá leis a bheith ag meascadh ceimicí agus ag déanamh meaisíní. Tá Mamaí bhocht trína chéile acu!

Jeaic agus Lulú

www.leabharbreac.com

# Scoil deiridh Frankie Kennedy

Cuirfear tús leis an 20ú Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy ar an 27 Nollaig agus fógraíodh níos luaithe i mbliana gur seo an t-am deireanach go dtarlóidh sé.

Mheas clann Frankie gur seo an t-am le deireadh a chur leis an fhéile. As seo amach beidh lucht na Crannóige, a reachtáil an fhéile iontach Luinneog Lúnasa le cúpla bliain anuas, i mbun scoil gheimhridh dá gcuid féin ag an am céanna den bhliain.

Gabhann foireann *Ghoitse* buíochas le lucht eagraithe Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy as an spórt is an pléisiúr a thug siad d'achan duine ar feadh scór bliain agus guíonn muid gach rath ar an fhoireann úr a bheas i gceannas ar imeachtaí i ndiaidh na Nollag i nGaoth Dobhair. Cuirfidh ceolchoirm leis na grúpaí Altan agus Fidil críoch spleodrach leis an Scoil Gheimhridh ar Lá na Bliana Úire.



Slua ceoltóirí a tháinig le chéile ar an Bhun Bheag mar chuid de seoladh chlár imeachtaí Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy.


Connie Mhary Mhicí ag ceol i dToigh Hiúdaí



Ciarán Ó Maonaigh agus Caitlín Nic Gabhann ag bualadh cúpla foinn ag seoladh Chlár na Scoile.

# Scéaltaí Phadaí Eoin seolta i Loch an Iúir

Trí fichead alt a bhí i gcló ar *An tUltach* sna blianta (1990 -2003) atá sa chnuasach seo le Pádraig Mac Gairbheith (Padaí Eoin) as Gaeltacht Loch an Iúir i Rosa Thír Chonaill, an chéad leabhar as an Ghaeltacht seo ó tháinig an dara heagrán de Thiar i nGleann Ceo le Tadhg Ó Rabhartaigh ar an mhargadh i 1969.

Bhí dlúthbhaint ag Padaí Eoin le Niall Ó Dónaill (Niall Éilíse) a chuir in eagar an Foclóir Gaeilge-Béarla i 1977. Ba as Loch an Iúir an bheirt acu agus is cosúil gur spreag Niall Padaí Eoin dul i mbun scríbhneoireachta i dtús an lae.

Ina óige d'oibir Pádaí i siopaí Bhriainidh Dhonnchaidh i Rann na Feirste agus Mín Chormaic, bhí sé seal gearr ag obair in Albain agus deich mbliana fichead ina státsheirbhíseach leis an Roinn Leasa Sóisialaigh ar an Chlochán Liath. D'oibir sé ar feadh blianta fada gColáiste Mhuire Loch an Iúir mar reachtaire.

Thoisigh sé a scríobh do An tUltach sna caogaidí agus scríobh sé chomh maith do *Amárach*, *Anois*, *Gaeltacht*, *Ireland's Own* agus *Ireland's Eye* chomh maith le mórán clár a dhéanamh do Raidió na Gaeltachta. Is cosúil fosta go raibh tionchar nach beag ag scríbhneoirí eile as ceantar Loch an Iúir ar an fhear óg seo, daoine mar Tadhg Ó Rabhartaigh, Fionn Mac Cumhaill, Niall Mac Suibhne, Pádraig Mac Giolla Bhríde, Frainc Mac Grianna, Iósaf Ó Searcaigh agus Briainidh Ó Beirn a bhíodh i dteagmháil le Padaí Eoin go minic.

Ba i stair a dhúiche ba mhó a bhí suim ag Pádraig agus cuirfidh an pobal suim sa tseanchas áitiúil fá leithéidí Donnchadh Mór, Cassie na bhFlowers agus Mary Pheigí Taimí chomh maith le aistí spéisiúla staire ón pharóiste agus ar fud an chontae.

Ba chóir go mbeadh an leabhar seo ina chuidiú do neartú na Gaeilge i Loch an Iúir agus go gcuirfeadh sé le stór seanchais na Rosa atá i leabharthaí mar Na Glúnta Rosannach, Óglach na Rosann, Ó Ghleann go Fánaid, Idir an Dá Ghaoth agus Rann na Feirste.


Seán Mac Suibhne, eagarthóir *Scéaltaí Phadaí Eoin* i gcuideachta clann Mhic Gairbheith ag ócáid seolta an leabhair in Áislann Rann na Feirste. Sa ghrianghraf tá Páid, Eoin, Seán Mac Suibhne, Donncha, (chun tosaigh) Máire (Uí Luadhóg) agus Máire Bn Mhic Gairbheith.


Dinny Ó Gallchóir agus Seán Micheál Ó Dónaill ag léamh an leabhar *Scealtaí Phadaí Eoin* ag an seoladh i Rann na Feirste.

# Rogha raidió na Nollag

Fuair Feardorcha Ó Colla, nó Freddie Fheargail mar a b'fhearr aithne air, bás go tobann ag deireadh Dheireadh Fómhair. Bhí Freddie ar dhuine den seachtar craoltóir a thoisigh a chraoladh do Raidió na Gaeltachta nuair a bunaíodh an stáisiún. Cuirfidh Séamus Mac Géidigh cuid den ábhar a d'fhág Freddie sa chartlann i láthair sa chlár **Freddie Fheargail**, a chraolfar Dé hAoine 27 Nollaig ag 11rn.

Is clár faisnéise é **Bus Feda** faoin chomhlacht bus a bhunaigh Feda Ó Dónaill as Rann na Feirste sa bhliain 1983 agus atá ag cur seirbhíse idir Dún na nGall agus Gaillimh ar fáil ó shin. Amharcann an clár ar an tábhacht a bhaineann leis an tseirbhís sin agus beidh sé ar Raidió na Gaeltachta ag 11rn Lá 'le Stiofáin.



Logainmneacha le Donnchadha Ó Baoill: 2 Eanáir RnaG


Beidh cúrsaí logainmneacha, an chiall atá leo agus cá h-as a dtáinig siad, faoi chaibidil ag Donnchadha Ó Baoill as Rann na Feirste sa chlár **Logainmneacha** a bheas á chraoladh ar 2 Eanáir ag 11rn. Is ball de Choiste na Logainmneacha é Donnchadha.

Craolfaidh Raidió na Gaeltachta léacht a thug an tAth. Pádraig Ó Baoill ag Éigse Sheáin Bháin Mhic Meanmain i mbliana fá litríocht Bhaile na Finne Dé Domhnaigh 29 Nollaig.

Mar chuid de cheiliúradh 60 bliain den lipéid cheoil Gael Linn, beidh sraith úr **Seoda Ceoil** á chur i láthair ag Fiachna Ó Braonáin ina ndíreoidh sé ar 6 de na halbaim as catalóg chuimsitheach na comhlachta ceoil. Ina measc siúd, beidh ceirníní le Clannad agus Skara Brae. Toisíonn an sraith ag 11rn ar 24 Nollaig.



Freddie Fheargail: Dé hAoine 27 Nollaig ar RTÉ Raidió na Gaeltachta



Seoda Ceoil le Skara Brae ar an 24 Nollaig ar Raidió na Gaeltachta. GRIANGHRAF: GAEL LINN

Scoil Gheimhridh
20 Bliain Frankie Kennedy
27/12/2013 - 1/1/2014
Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
29 Dec: 'HEART STRINGS' le NOLLAIG CASEY & ARTY McGLYNN
30 Dec: PADDY GLACKIN & DÓNAL LUNNY plus guests
31 Dec: 'CEOL, CÉILÍ & CRAIC' le SÉAMUS BEGLEY, TIM EDEY & MÓRGA
01 Jan: 'THE FINAL ADIEU' le ALTAN & FIDIL plus surprise guests
www.frankiekennedy.com





FOR BOOKINGS:
www.frankiekennedy.com
Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
Tel: +353 (0)74 953 2949
Siopa Mhatt Bonner, An Bun Beag
Tel: +353 (0)74 953 1012
Tuille Eolas: +353 (0) 87 272 2648
nó eolas@frankiekennedy.com
the arts council / an chomhairle ealaíon — funding traditional arts — artscouncil.ie
RTÉ Raidió na Gaeltachta — Urraitheoir Meáin
Údarás na Gaeltachta
ealaín
Irish Traditional Music Archive
Teach Hiúdaí Beag
TG4
LIVE TRAD

fuaimlann
SEIRBHÍSÍ CARTLAINNE FUAIME
AUDIO ARCHIVE SERVICES
074 9560657 • 087 2434074



**Glacadh an grianghraf seo de Tony níos luaithe i mbliana nuair a chuaigh Tony ar dreapadh urraithe ar an Earagail do Chumann Naomh Muire.** Grianghraf: Bríd Sweeney

# Fear beag le croí mór

Damien Ó Dónaill

Is iomaí sin duine as Rann na Feirste ar éirigh leis clú agus cáil a bhaint amach dó féin ar fud na tíre agus ar fud an domhain ach ní raibh ar Tony Doherty an baile a fhágáil leis sin a dhéanamh. Is fear é Tony a chaith bunús a shaoil ar a bhaile féin i Rann na Feirste ag obair ó dhubh go dubh go deonach ar son a fho-chumainn áitiúil agus mar gheall ar an obair mhór atá déanta aige, beidh bronnadh á dhéanamh ag CLG Dhún na nGall air anocht an 20 Nollag. Tá an onóir sin tuillte go maith ag Tony.

Bhí Tony ar dhuine de na daoine a bhunaigh fo-chumann peile Rann na Feirste agus bhí ag éirí go maith leis an fhoireann go dtí gur thoisigh an imirce agus scaipeadh stócaigh óga Rann na Feirste sna ceithre hairde lena mbeatha a thabhairt i dtír. Bhí Tony ar dhuine de na daoine sin agus chaith seal i nGlaschú, Leeds agus sa Bhreatain Bheag. Ach cé go raibh sé ar an choigríoch, bhí baint aige go fóill leis na cluichí Gaelacha. D'imir sé peil agus fiú iománaíocht sna háiteacha sin atá luaite agam.

Nuair a d'fhill sé ar a bhaile dúchais, bhí ról thar a bheith gníomhach aige i bhfás agus i bhforbairt Chumann Lúthchleas Gael Naomh Muire. D'fhéadfá a rá go raibh Tony mar cheannródaí ag na fir eile agus iad ag obair as lámha a chéile lena cinntiú go mbeadh cumann peile láidir in Íochtar na Rosann agus is cinnte gur éirigh leo ceann scríbe a bhaint amach.

Beidh bronnadh á dhéanamh ar Tony anocht mar gheall ar an obair mhór atá déanta aige síos fríd na blianta ar son a chlub áitiúil agus ar son Chumann Lúthchleas Gael ina iomláine anseo i dTír Chonaill. D'obair Tony ó dhubh go dubh (go dícheallach dúthrachtach) ar son an chumainn agus is cinnte nach obair fhurast a bhí ann an fo-chumann a threorú sa treo cheart. Is iomaí scéal a chuala muid uilig fá Tony agus gur ghnách leis deichniúr gasúr óg a bheith leis sa charr as Rann na Feirste agus iad ag tarraingt ar an Bhráid nó ar na Méilte le cluiche a imirt nó le traenáil a dhéanamh. Rinne Tony sin go deonach agus cé go bhfuil sé ráite aige gur bhain sé sult as, is cinnte gur obair mhaslach a bhí ann in amanna.

Tá toradh ar shaothar Tony anois. Tá áiseanna agus páirc imeartha ar an chaighdeán is airde ag CLG Naomh Muire anois ar na Méilte agus tá an club ag gabháil ó neart go neart bliain i ndiaidh bliana. Beidh siad ag imirt i gcraobh shinsir an chondae i mbliana agus is éacht iontach a bhí ann sin a bhaint amach. Tá obair mhór á dhéanamh ag na bainisteoirí leis na foirne óga agus iad uilig ag obair go dian dícheallach lena chinntiú go mbeidh Naomh Muire i mbarr a réime ar feadh fada go leor. Ach caithfidh achan duine sa Chlub a bheith buíoch d'fhear Rann na Feirste, Tony Doherty, a chaith a shaol ag obair go deonach ar son a chlub bhig féin atá suite in iarthuaisceart na hÉireann ar imeall na farraige móire.

Beidh bród iontach ar Tony anocht nuair a bheas sé i láthair ag an ócáid speisialta i mBaile Dhún na nGall agus é ansin mar aoi, ach ní amháin sin beidh bronnadh á dhéanamh ar an fho-chumann féin mar gur éirigh leo gradam 'Club idirmheánach na bliana' a bhaint. Níl iontas ar bith orainn go bhfuil sin bainte acu.

Gael, laoch, fear uasal atá in Tony Doherty agus ba mhaith liom an obair mhór mhaith atá déanta aige a thréaslú leis, obair a rinne sé síos fríd na blianta ar son a bhaile dhúchais féin, ar son a pharóiste féin agus ar son fo-chumann peile Naomh Muire. Beidh trácht ar ainm Tony Doherty fá pháirceanna peile na tíre seo go deo.

# Mí na gCruinnithe

Daithí Mac Roibeard

Tá an pheil beagnach thart don bhliain seo ach tá na fo-chumainn áitiúla iontach gnóthach maidir leis na cruinnithe chinn bliana. Ba chóir dúinn moladh mór a thabhairt do na baill uilig atá sásta ainm s'acu a chur chun tosaigh. Bíonn níos mó cáineadh ná moladh i gceist uaireanta. Tá moladh mór tuillte do na chubanna uilig sa cheantair.

Tá **CLG Ghaoth Dobhair** tar éis páirc s'acu a fhorbairt agus bealach úr a leagan amach ar Bhóthar na Reilige. Tá tuilleadh forbairt le déanamh ar an tseanpháirc amach anseo.

Tá fo-chumann **Naomh Mhuire** tar éis obair mhór a dhéanamh sna 'Banks'. Tá píosa curtha leis an chlubtheach agus córas úr soilse insteallaithe sa pháirc.

Bhí cuid mhór oibre déanta ag **CLG Cloch Cheannfhaola** le cúpla bliain anuas agus iad ag déanamh réidh do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Beidh seomra aclaíochta ag fosclú ar an 6 Eanáir.

Tá cuid mhór obair déanta ag na clubanna seo, rud a fhágann áiseanna nua aimsire den scoith i gcroílár na Gaeltachta. Seo a leanas na daoine a toghadh ag na cruinnithe chinn bliana le gairid:

| *Post* | *Gaoth Dobhair* | *Naomh Mhuire* | *Cloch Cheannfhaola* |
|---|---|---|---|
| *Cathaoirleach* | Alan Ó Baoid | Cormac Mac Gairbheith | Séamas Ó Domhnaill |
| *Rúnaí* | Le ceapadh | Deaglán Ó Máirtín | Máire Nic Laifeartaigh |
| *Cisteoir* | Kelly Ní Dhomhnaill | Seosamh Mac Gloinn | Paddy Mac Laifeartaigh |
| *Bainisteoir Sinsir* | Caoimhín Ó Casaide | Le ceapadh | Seosamh Mac Gairbhith |
| *Leas-rúnaí* | Georgina Nic Giolla Bhríde | Dónall Ó Searcaigh | Máirtí Ó Dúgáin |
| *Leas-chisteoir* | Declan Ó Ceallaigh | Máirtín Ó Mainnín | Mary Nic Laifeartaigh |

**Goitse**

Foilseofar an chéad eagrán eile ar an **24 Eanáir**